



EBA/GL/2021/16

16 Nollaig 2021

Treoirlínte

Maidir le saintréithe cur chuige rioscabhunaithe maidir le mairseacht ar fhriothsciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta, agus na bearta nach mór a dhéanamh agus an mhairseacht á déanamh ar bhonn riosca-íogair faoi Airteagal 48(10) de Threoir (AE) 2015/849 (lena leasaítear Treoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna/2016/72)

Na Treoirlínte maidir le Mairseacht Rioscabhunaithe

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Gheofar sa doiciméad seo treoirlínte a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na dtreoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar síos tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na dtreoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na dtreoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na Treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, an bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a thabhairt le neamhchomhlíonadh ar shlí eile faoin 06.06.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'ÚBE/GL/2021/16' air. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuirisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuirisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíithe

Ábhar

5. Sonraítear leis na treoirlínte seo i gcomhréir le hAirteagal 48(10) de Threoir (AE) 2015/849² na saintréithe a bhaineann le cur chuige rioscabhunaithe maidir le maoirseacht ar fhrithsciúradh airgid agus ar an gcomhrac i gcoinne maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CFT) agus na céimeanna ba cheart do na húdaráis inniúla a ghlacadh agus maoirseacht AML/CFT á déanamh acu ar bhonn riosca-íogair.

Raon feidhme an chur i bhfeidhm

6. Ba cheart d'údaráis inniúla na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm agus a samhail mhaoirseachta rioscabhunaithe féin (Samhail RBS) AML/CFT á dearadh, á cur chun feidhme, á hathbhreithniú agus á feabhsú acu.

Seolaithe

7. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainítear i bpointe (2) (iii) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Sainmhíithe

8. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2015/849. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhíithe seo a leanas:

Ciallaíonn ábhar measúnaithe	institiúid creidmheasa nó institiúid airgeadais nó braisle, arna gcatagóiriú de réir critéar arna leagan síos ag na húdaráis inniúla.
Ciallaíonn athbhreithniú as an láithreán	athbhreithniú cuimsitheach ar bheartas agus nósanna imeachta an ábhair measúnaithe AML/CFT, nach bhfuil ar siúl in áitreabh ábhair an mheasúnaithe.
Ciallaíonn bagairt	an dochar a d'fhéadfadh coirpigh, sceimhlitheoirí nó grúpaí sceimhlitheoireachta agus a n-éascaitheoirí a dhéanamh, trína ngníomhaíochtaí ML nó TF san am atá thart, san am i láthair agus amach anseo.

² Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).



Ciallaíonn braisle	dhá institiúid creidmheasa nó institiúid airgeadais nó níos mó in earnáil ag a bhfuil saintréithe agus neamhchosaint chomhchosúil maidir leis na leibhéil chéanna riosca ML/TF.
Ciallaíonn cigireacht ad hoc	athbhreithniú a spreagtar le teagmhas sonrath nó le riosca ML/TF
Ciallaíonn cigireacht chuimsitheach ar an láithreán	athbhreithniú cuimsitheach ar na córais agus na rialuithe AML/CFT go léir arna gcur chun feidhme ag ábhair mheasúnaithe nó ag a línte gnó, a dhéantar ar áitreabh an ábhair mheasúnaithe.
Ciallaíonn cigireacht théamach	athbhreithniú ar roinnt ábhar measúnaithe a dhíríonn ar ghnéithe sonracha amháin nó ar fhíorbheagán gnéithe de chórais agus rialuithe AML/CFT na n-ábhar measúnaithe sin.
Ciallaíonn cur chuige rioscabhunaithe (RBA)	cur chuige trína ndéanann údaráis inniúla agus ábhair mheasúnaithe na rioscaí ML/TF a bhfuil na hábhair measúnaithe neamhchosanta orthu a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint agus bearta AML/CFT a ghlacadh atá comhréireach leis na rioscaí sin.
Ciallaíonn dí-riosciú	diúltú dul i mbun caidreamh gnó, nó cinneadh deireadh a chur le caidreamh gnó, le custaiméirí aonair nó le catagóirí custaiméirí a bhaineann le riosca ML/TF níos airde, nó diúltú idirbhearta a bhfuil riosca ML/TF níos airde ag bhaint leo a dhéanamh.
Ciallaíonn iarchigireacht	athbhreithniú, lena measúnaítear ar ceartaíodh laigí chórais agus chreat rialuithe AML/CFT an ábhair measúnaithe a sainaithníodh le linn cigireacht nó athbhreithniú roimhe seo.
Ciallaíonn próifíl riosca	saintréithe foriomlána an riosca ML/TF a bhaineann leis an ábhar measúnaithe nó le hearnáil/fo-earnáil, lena n-áirítear cineál agus leibhéal an riosca.
Ciallaíonn riosca atá ag teacht chun cinn	riosca nár aithníodh riamh cheana nó riosca atá ann cheana féin a bhfuil méadú suntasach tagtha air.
Ciallaíonn riosca bunúsach	leibhéal an riosca ML/TF atá i gceist in ábhar measúnaithe nó in earnáil sula gcuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm.
Ciallaíonn riosca iarmharach	an leibhéal riosca atá fós ann i ndiaidh córais agus rialuithe AML/CFT a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an riosca dúchasach.
Ciallaíonn riosca ML/TF	an dóchúlacht go dtarlóidh ML/TF agus a thionchar.
Ciallaíonn samhail RBS	sraith iomlán nósanna imeachta, próiseas agus sásraí a úsáideann údaráis inniúla chun a gcumhachtaí maoirseachta AML/CFT a fheidhmiú ar bhealach atá i gcomhréir leis na rioscaí ML/TF arna sainaithint.

**Ciallaíonn tosca riosca ML/TF**

athróa a d'fhéadfadh riosca ML/TF a mhéadú nó a laghdú, ina n-aonar nó i dteannta a chéile.

Ciallaíonn tuairisceáin AML/CFT

iarratais rialta nó ad hoc ó údaráis inniúla chuig ábhair mheasúnaithe ar shonraí cainníochtúla nó/agus cáilíochtúla agus ar fhaisnéis a bhaineann le príomhtháscairí ML/TF.

Ciallaíonn uirlisí mairseachta

gach beart mairseachta a fhéadfaidh na húdaráis inniúla a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfaidh na hábhair mheasúnaithe a n-oibleagáidí AML/CFT



3. Cur chun feidhme

Dáta an chur i bhfeidhm

9. Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo trí mhí i ndiaidh iad a fhoilsiú i dteangacha oifigiúla uile an AE [04.07.2022].

Aisghairm

10. Aisghairtear na treoirlínte seo a leanas le héifeacht ó dháta an chur i bhfeidhm.

Treoirlínte Comhphárteacha maidir le saintréithe cur chuige rioscabhunaithe maidir le maoirseacht ar fhrithsciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta, agus ar na bearta nach mór a dhéanamh agus an mhaoirseacht á déanamh ar bhonn riosca-íogair (ÚMEnna/2016/72).

4. Treoirlínte

4.1 An tSamhail RBS a chur chun feidhme

4.1.1 Breithnithe ginearálta

11. Ba cheart d'údaráis inniúla na ceithre chéim seo a leanas a chur i bhfeidhm mar chuid de Shamhail RBS éifeachtach AML/CFT:
 - a) Céim 1 – Tosca riosca ML/TF a shainaitint;
 - b) Céim 2 – Measúnú riosca;
 - c) Céim 3 – Maoirseacht AML/CFT; agus
 - d) Céim 4 – Faireachán agus hathbhreithniú ar an tSamhail RBS.
12. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh nach cleachtadh aon uaire é an mhaoirseacht rioscabhunaithe, ach gur próiseas leanúnach agus timthriallach é.
13. Ba cheart d'údaráis inniúla na breithnithe ginearálta atá leagtha amach i mír 11 agus 12 de na treoirlínte seo a chur chun feidhme ar fud a samhla RBS.

4.1.2 Comhréireacht

14. Ba cheart d'údaráis inniúla a bheith comhréireach agus maoirseacht á déanamh acu ar an ábhar measúnaithe chun críocha AML/CFT. Ba cheart go mbeadh méid na faisnéise atá á lorg, agus minicíocht agus déine na rannpháirtíochta maoirseachta agus an idirphlé leis an ábhar measúnaithe ar cóimhéid leis an riosca ML/TF a sainaitníodh.
15. Ba cheart go n-aithneodh údaráis inniúla go bhféadfadh sé nach mbeadh méid nó tábhacht shistéamach an ábhair measúnaithe ann féin ina léiriú ar a mhéid atá sé neamhchosanta ar riosca ML/TF; féadfaidh institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais beaga nach bhfuil tábhacht sistéamach ag baint leo riosca ard ML/TF a chruthú mar sin féin.

4.1.3 Ábhair mheasúnaithe

16. Ba cheart go n-aithneodh údaráis inniúla na hinstiúidí creidmheasa nó na hinstiúidí airgeadais sin laistigh de gach earnáil a roinneann méid dóthanach saintréithe comhchosúla chun údar a thabhairt lena ngrúpáil in aon bhraisle amháin. Ba cheart go gcuimseofaí sna saintréithe comhroinnte an leibhéal céanna riosca ar a bhfuil siad neamhchosanta, inter alia, a méid, cineál a ngnó, an cineál custaiméirí dá soláthraíonn siad seirbhís, an limistéar geografach ina n-oibríonn siad nó a ngníomhaíocht agus a mbealaí seachadta. Maidir le hinstiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais braislithe, féadfar an próiseas RBS a chur i gcrích ar leibhéal comhchoiteann na braisle féin, seachas ar leibhéal gach institiúide creidmheasa nó institiúide airgeadais aonair laistigh den bhraisle sin.



17. Chun na hinstiúidí creidmheasa nó na hinstiúidí airgeadais sin a d'fhéadfadh a bheith ón mbraisle chéanna a shaináithint, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar a samhail gnó, ar an measúnú riosca eárnála, ar na measúnuithe riosca instiúidí creidmheasa nó instiúidí airgeadais aonair chomh maith le foinsí ábhartha faisnéise eile mar atá leagtha amach i mír 30 agus 31 de na treoirlínte seo, lena n-áirítear an fhaisnéis a bhailítear mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí maoirseachta.
18. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an ndéileálfaidh siad le hinstiúidí creidmheasa nó le hinstiúidí airgeadais san eárnáil chéanna atá ina gcuid den ghrúpa airgeadais intíre céanna mar 'ábhar measúnaithe' amháin.
19. I gcás go bhfuil a fhios ag údarás inniúil, nó go bhfuil forais réasúnta aige lena cheapadh, go bhfuil difríocht shuntasach idir an riosca a bhaineann le hinstiúid creidmheasa aonair nó le hinstiúid airgeadais aonair i mbraisle agus an riosca a bhaineann le hinstiúidí creidmheasa eile nó le hinstiúidí airgeadais eile sa bhraisle sin, ba cheart don údarás inniúil an instiúid creidmheasa nó an instiúid airgeadais sin a bhaint den bhraisle agus é a mheasúnú ina haonar, nó mar chuid de bhraisle eile d'instiúidí creidmheasa nó d'instiúidí airgeadais, atá neamhchosanta ar leibhéal comhchosúil riosca ML/TF. Ba cheart go n-áireofaí le baint de bhraisle, inter alia, cúinsí ina bhfuil an instiúid creidmheasa nó an instiúid airgeadais faoi úinéireacht thairbhiúil daoine aonair a bhfuil a n-ionracas in amhras mar gheall ar bhuarthaí ML/TF, arna measúnú i gcomhréir le Treoirlínte Comhphárteacha ÚEUM agus ÚBE 'Oiriúnach agus Cuí'³ nó toisc go bhfuil creat rialaithe inmheánaigh na hinstiúide creidmheasa nó na hinstiúide airgeadais easnamhach mar a mheasúnaítear i gcomhréir le Treoirlínte maidir le Rialachais Inmheánach an ÚBE,⁴ a bhfuil tionchar aige ar rátáil riosca iarmharaí na hinstiúide creidmheasa nó na hinstiúide airgeadais, nó toisc go ndearna an instiúid creidmheasa nó an instiúid airgeadais athruithe suntasacha ar a táirgí nó ar a seirbhísí, nó go bhféadfadh sé gur chomhcheangail sí na hathruithe sin le hathruithe ar na bealaí seachadta, ar a bonn custaiméirí nó ar limistéir gheografacha éagsúla ina seachadtar na seirbhísí nó na táirgí.

4.1.4 Comhar

20. Ba cheart d'údaráis inniúla oibriú i gcomhar agus an fhaisnéis ábhartha ar fad a mhalartú lena chéile agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear maoirseoirí stuamachta, aonaid faisnéise airgeadais, údaráis chánach, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha agus maoirseoirí AML/CFT tríú tíortha chun maoirseacht éifeachtach AML/CFT na n-ábhar measúnaithe a áirithiú. Ba cheart an fhaisnéis ábhartha ar fad a mhalartú gan mhoill. I gcás go n-oibríonn na hábhair mheasúnaithe ar bhonn trasteorann, ba cheart go gcuimseodh an comhar sin údaráis inniúla Ballstát eile agus, más ábhartha, údaráis inniúla tríú tíortha.
21. Chun comhar agus malartú faisnéise a chur i gcrích go héifeachtach, ba cheart do na húdaráis inniúla na bearta agus na huirlisí comhair agus comhordúcháin uile atá ar fáil dóibh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na cinn ar ceanglaíodh ar na húdaráis inniúla sin iad a chur i bhfeidhm

³ Treoirlínte Comhphárteacha ÚEUM agus ÚBE maidir le measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus shealbhóirí príomhfheidhmannanna faoi Threoir 2013/36/AE agus faoi Threoir 2014/65/AE, [ÚBE/GL/2021/06](#).

⁴ Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/AE, [ÚBE/GL/2021/05](#).



i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849. Ba cheart d'údaráis inniúla iontaofacht agus leanúnachas na mbeart agus na n-uirlisí sin a áirithiú chun an riosca maidir le bearna fhéideartha faisnéise a íoslaghú. Go sonrach, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar threoirlínte comhpháirteacha na ÚMEnna maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, ⁵Treoirlínte ÚBE maidir le comhar agus faisnéis idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Threoir (AE) 2019/878⁶ agus faoin gComhaontú Iltaobhach idir an Banc Ceannais Eorpach agus údaráis náisiúnta inniúla de bhun Airteagal 57a(2)(b) de Threoir (AE) 2015/849.⁷

22. Ba cheart do na húdaráis inniúla méid agus a cuspóir a gcomhair agus a malartaithe faisnéise le páirtithe leasmhara eile a chur san áireamh, a fhéadfaidh an bealach is éifeachtaí don chomhar sin a chinneadh, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an cur chuige céanna oiriúnach i ngach cás. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh comhar agus malartú faisnéise ar bhonn níos minice a bheith riachtanach le húdaráis inniúla eile agus le maoirseoirí stuamachta, a bhfuil baint acu le maoirseacht ar an ábhar céanna measúnaithe, ná le haonaid faisnéise airgeadais, le húdaráis chánach agus le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.
23. Agus údaráis inniúla ag comhoibriú agus ag malartú faisnéise le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, údaráis chánach, agus comhlachtaí nó gníomhaireachtaí eile, ba cheart dóibh déanamh amhlaidh a mhéid is féidir faoin dlí náisiúnta. Ba cheart d'údaráis inniúla féachaint le faisnéis a mhalartú le húdaráis áitiúla chánach maidir le cionta agus sásraí cánach éagsúla, rud a d'fhéadfadh cuidiú leis an údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar na rioscaí ML a bhféadfadh na hábhair mheasúnaithe nó na hearnálacha measúnaithe a bheith neamhchosanta orthu. D'fhéadfadh sé freisin faisnéis a mhalartú ar bhearta coisctheacha féideartha sa réimse seo.

4.2 Céim 1 – Tosca riosca agus maolaithe shainithint;

4.2.1 Breithnithe ginearálta

24. Ba cheart d'údaráis inniúla na tosca riosca a mbeidh tionchar acu ar neamhchosaint gach earnála agus ábhair measúnaithe ar na rioscaí ML/TF a shainithint agus a thuiscint. Chun na críche sin, ba cheart go n-úsáidfeadh údaráis inniúla foinsí éagsúla faisnéise arna soláthar i dTreoirlíne 4.2.2 agus bheith rannpháirteach go gníomhach leis an earnáil agus le húdaráis inniúla eile, nuair is ábhartha, mar atá leagtha amach i dTreoirlínte 4.1.4. agus 4.4.9.
25. Agus tosca riosca ML/TF á sainithint, ba cheart d'údaráis inniúla leas a bhaint as treoirlínte an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF ar dhícheall cú custaiméirí agus na tosca ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú

⁵ Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, 'Treoirlínte Coláistí AML/CFT, [JC 2019 81](#).

⁶ Treoirlínte an [ÚBE maidir le Comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Airteagal 117\(6\) de Threoir 2013/36/AE](#), Nollaig 2021

⁷ [Iltaobhach Comhaontú](#) idir an Banc Ceannais Eorpach agus údaráis inniúla náisiúnta de bhun Airteagal 57a(2)(b) de Threoir (AE) 2015/849.



sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha á measúnú acu faoi Airteagal 17 agus Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849.⁸

26. I gcás gur braislí iad na hábhair mheasúnaithe, ba cheart d'údaráis inniúla tosca ábhartha a shainaithe bunaithe ar na cinn a liostaítear i míreanna 44 agus 45 chun an bhraisle a thréithriú ina hiomláine. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar chumas na n-údarás inniúil údar a thabhairt lena gcinntí ar an bpróifíl riosca a sannann siad don bhraisle. Ba cheart d'údaráis inniúla torthaí na ngníomhaíochtaí mairseachta roimhe seo maidir leis na hábhair mheasúnaithe a chuimsítear laistigh den bhraisle sin a chur san áireamh chomh maith.
27. I gcás go ndéanann údaráis inniúla iomadúla laistigh de Bhallstát amháin mairseacht ar ábhar measúnaithe, ba cheart do na húdaráis inniúla sin comhoibriú agus faisnéis a mhalartú ar an ábhar measúnaithe sin chun comhthuiscint a fhorbairt ar a neamhchosaint ar riosca.
28. Ba cheart go mbeadh méid agus cineál na faisnéise atá á lorg ag údaráis inniúla chun tosca riosca agus tosca maolaithe a shainaithe i gcomhréir le cineál agus méid, i gcás inarb eol iad, ghníomhaíochtaí gnó na n-ábhar measúnaithe. Ba cheart go gcuirfeadh sé san áireamh freisin próifíl riosca na n-ábhar measúnaithe riosca mar a chinntear ar bhonn measúnuithe riosca roimhe seo, más ann dóibh, agus an comhthéacs ina bhfeidhmíonn an t-ábhar measúnaithe, amhail cineál na hearnála lena mbaineann an t-ábhar measúnaithe. Ba cheart d'údaráis inniúla smaoinemh ar an méid seo a leanas a leagan amach:
 - a) cén faisnéis a bheidh ag teastáil uathu i gcónaí i ndáil leis na hábhair mheasúnaithe agus faisnéis chomhchosúil a iarraidh le haghaidh ábhair inchomparáide mheasúnaithe;
 - b) cathain agus conas a gheobhaidh siad an faisnéis sin; agus
 - c) an cineál faisnéise lena spreagfar iarratas faisnéise níos fairsinge agus níos doimhne.

4.2.2 Foinsí faisnéise

29. Ba cheart d'údaráis inniúla tosca riosca a shainaithe i leith earnálacha, fo-earnálacha, más ábhartha, agus ábhair mheasúnaithe bunaithe ar fhaisnéis ó fhoinsí éagsúla. Ba cheart d'údaráis inniúla cineál agus líon na bhfoinsí sin a chinneadh ar bhonn riosca-íogair. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil rochtain acu ar fhoinsí iomchuí faisnéise agus bearta a dhéanamh, nuair is gá, chun iad sin a fheabhsú. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú freisin go bhfuil próisis agus nósanna imeachta curtha chun feidhme acu chun na sonraí is gá a bhailiú.
30. Áirítear iad seo a leanas ar na foinsí faisnéise ar cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh i gcónaí:
 - e) measúnú riosca fornáisiúnta an Choimisiúin Eorpaigh arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir (AE) 2015/849;

⁸ Treoirlínte an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF ar dhícheall cúí custaiméirí agus na tosca ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ('Na Treoir maidir le Tosca Riosca ML/TF') á measúnú acu faoi Airteagal 17 agus Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849, [ÚBE/GL/2021/02](#).



- f) Tuairim an ÚBE maidir leis an riosca ML/TF a bhfuil tionchar aige ar earnáil airgeadais an Aontais arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 6(5) de Threoir (AE) 2015/849;
 - g) measúnú náisiúnta riosca (NRA) na mBallstát agus Ballstát eile dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Threoir (AE) 2015/849;
 - h) Gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;
 - i) rialtais náisiúnta agus eachtracha;
 - j) torthaí mheasúnuithe riosca an ÚBE dá dtagraítear in Airteagal 9a de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;
 - k) údaráis inniúla eile;
 - l) údaráis mhaoirseachta AML/CFT i dtríú tíortha;
 - m) údaráis mhaoirseachta atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar na hábhair mheasúnaithe a chomhlíonadh na gceanglas maidir le stuamacht, lena n-áirítear údaráis inniúla mar atá sainithe i bpointe (2)(i) agus (viii) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, pointí (2)(i) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, agus pointe (3)(i) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;
 - n) aonaid faisnéise airgeadais (AFAnna);
 - o) gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, i gcás nach bhfuil siad eisiata leis an dlí is infheidhme;
 - p) údaráis chánach, i gcás nach bhfuil siad eisiata leis an dlí is infheidhme;
 - q) Coláistí AML/CFT, arna gcur ar bun i gcomhréir le Treoirlínte Comhphárteacha na ÚBManna maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, ('Treoirlínte Coláistí AML/CFT')⁹, i gcás go bhfuil siad curtha ar bun.
31. Áirítear iad seo a leanas ar na foinsí eile faisnéise ar cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh chomh maith:
- a) bunachar sonraí lárnach AML/CFT an ÚBE dá dtagraítear in Airteagal 9a(1) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, i gcás go gcuirtear an fhaisnéis ar fáil don údarás inniúil;
 - b) coláistí maoirseoirí stuamachta, arna gcur ar bun i gcomhréir le hAirteagal 51 nó le hAirteagal 116 de Threoir (AE) 2019/878 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/99 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 maidir le feidhmiú oibríochtúil coláistí maoirseoirí, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis na coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú coláistí maoirseoirí, i gcás go bhfuil siad curtha ar bun;

⁹ Treoirlínte Comhphárteacha na ÚBEanna maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais (JC 2019 81)



- c) comhlachtaí tionscail, lena n-áirítear faisnéis a bhailítear mar chuid de chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, má tá siad ar fáil, amhail tíopeolaíocht agus faisnéis faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn;
- d) an tsochaí shibhialta amhail innéacsanna braistintí éillithe;
- e) comhlachtaí idirnáisiúnta nó fornáisiúnta um shocrú caighdeán, amhail measúnuithe frithpháirteacha ar chórais frith-éillithe agus cánach AML/CFT i dtíortha;
- f) faisnéis ó fhoinsí oscailte inchreidte agus iontaofa, amhail tuarascálacha i nuachtáin chreidiúnacha;
- g) eagraíochtaí tráchtála creidiúnacha amhail tuarascálacha riosca agus faisnéise;
- h) tuairiscí sceithireachta;
- i) faisnéis ó institiúidí acadúla; nó
- j) tuarascálacha iniúchóirí seachtracha maidir leis an ábhar measúnaithe, i gcás ina bhfuil siad ar fáil.

4.2.3 Tosca riosca intíre

32. Ba cheart go mbeadh eolas, feasacht agus tuiscint leordhóthanach ag údaráis inniúla maidir leis na rioscaí ML/TF a shaináithnítear ar an leibhéal náisiúnta chun na tosca riosca ML/TF a bhaineann le gníomhaíochtaí intíre na n-ábhar measúnaithe agus laistigh d'earnálacha a shaináithint.
33. Mar chuid de sin, agus bunaithe ar na foinsí a gcuirtear síos orthu i mír 30 agus 31, ba cheart go dtuigfeadh údaráis inniúla, i measc rudaí eile, an méid seo a leanas:
- a) cineál, tíopeolaíocht, agus scála an sciúrtha airgid a bhaineann le cionta preideacáide, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh, cionta cánach, a dhéantar ar bhonn intíre;
 - b) scála sciúradh na bhfáltas ó chionta preideacáide, lena n-áirítear cionta cánach ach gan a bheith teoranta dóibh, cinn a rinneadh thar lear;
 - c) cineál, tíopeolaíocht agus scála an mhaoinithe sceimhlitheoireachta agus scála agus leibhéal na tacaíochta do ghníomhaíochtaí agus do ghrúpaí sceimhlitheoireachta sa tír;
 - d) cineálacha ábhartha ML/TF arna saináithint ag an AFA agus ag údaráis phoiblí eile nó ag comhlachtaí príobháideacha inchreidte ábhartha.

4.2.4 Tosca riosca eachtraigh

34. I gcás ina bhfuil naisc shuntasacha ag ábhar measúnaithe nó ag earnáil ina hiomláine le Ballstáit eile nó le tríú tíortha ionas go mbeidh an t-ábhar measúnaithe nó na hearnála neamhchosanta



ar rioscaí ML/TF a bhaineann leis na tíortha eile sin, ba cheart d'údaráis inniúla na rioscaí sin a shainaithint. Áirítear ar naisc shuntasacha naisc i gcás:

- a) go gcoinníonn an t-ábhar measúnaithe leibhéal suntasach caidrimh gnó le custaiméirí ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha;
- b) go bhfuil úinéir tairbhiúil chustaiméir an ábhair measúnaithe ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha;
- c) go bhfuil leibhéal shuntasacha idirbheart ócáideach á ndéanamh ag ábhar measúnaithe le Ballstáit eile nó le tríú tíortha;
- d) go gcoinníonn an t-ábhar measúnaithe caidreamh suntasach gnó le contrapháirtithe atá bunaithe i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha;
- e) go bhfuil an t-ábhar measúnaithe ina chuid de ghrúpa airgeadais atá bunaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír;
- f) go bhfuil úinéirí tairbhiúla an ábhair measúnaithe bunaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír;
- g) go bhfuil comhlacht bainistíochta an ábhair measúnaithe comhdhéanta de dhaoine aonair ó Bhallstát eile nó ó thríú tír; agus
- h) go bhfuil naisc ábhartha ar bith eile ag ábhar measúnaithe le Ballstát eile nó le tríú tír, rud a chiallaíonn go bhfuil sé neamhchosanta ar an riosca ML/TF a bhaineann leis an tír sin.

35. Ba cheart do na húdaráis inniúla bearta réasúnta a dhéanamh chun eolas, feasacht agus tuiscint leordhóthanach a fháil agus a choinneáil cothrom le dáta maidir leis na rioscaí ML/TF a bhaineann leis na Ballstáit nó leis na tríú tíortha sin a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na gníomhaíochtaí a dhéanann na hábhair mheasúnaithe. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla tosca riosca a shainaithint i gcomhréir le Treoirínte an ÚBE maidir le Tosca Riosca AML/CFT¹⁰ agus na cinn a bhfuil cur síos déanta orthu i mír 33 agus 34 thuas do gach ceann de na Ballstáit nó tríú tíortha sin.

36. Agus tríú tíortha a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcórais náisiúnta AML/CFT lena gcuirtear bagairtí suntasacha ar chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh á sainaithint ag údaráis inniúla, ba cheart dóibh aird a thabhairt ar na gníomhartha tarmlichte arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/84 chomh maith le ráitis phoiblí arna n-eisiúint ag an lucht socraithe caighdeán idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF), Roghchoiste Saineolaithe chun Bearta Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireacht a Mheas (MONEYVAL) de chuid na Comhairle Eorpaí nó comhlachtaí réigiúnacha eile ar nós FATF (FSRBanna).

¹⁰ Treoirínte an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF ar dhícheall cuí custaiméirí agus na tosca ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ('Na Treoir maidir le Tosca Riosca ML/TF') á measúnú acu faoi Airteagal 17 agus Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849, [ÚBE/GL/2021/02](#).



4.2.5 Tosca riosca ML/TF ar fud earnálacha

37. Ba cheart go mbeadh tuiscint mhaith ag údaráis inniúla ar na tosca riosca atá ábhartha do na hearnálacha go léir atá faoina maoirseacht. Chun tosca riosca ábhartha a shainaithint sna hearnálacha ábhartha, ba cheart d'údaráis inniúla na hearnálacha atá faoina maoirseacht a shainiú ar dtús. Chun bonn eolais a chur faoina ndearcadh ar na hearnálacha, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar na catagóirí eintiteas atá faoi oibleagáid atá liostaithe i dTreoir (AE) 2015/849, ar institiúidí creidmheasa, soláthraithe creidmheasa (seachas institiúidí creidmheas, mar shampla creidmheas tomhaltóirí, fachtóireacht, léasú, creidmheas morgáiste agus creidmheas tráchtála), gnóthais árachais saoil, idirghabhálaithe árachais saoil, institiúidí ríomh-airgid, institiúidí íocaíochta, 'bureaux de change', gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais chomhinfheistíochta iad.
38. Ag brath ar mhéid earnála agus ar chineál na n-ábhar measúnaithe laistigh di, ba cheart d'údaráis inniúla smaoineamh ar earnálacha a roinnt ina bhfo-earnálacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé sin riachtanach i gcás go bhfuil earnáil comhdhéanta d'ábhair mheasúnaithe atá an-éagsúil mar go bhfuil gnéithe agus samhla gnó comhchosúla ag sciar suntasach d'ábhair mheasúnaithe a fhágann go seasann siad amach ón gcuid eile den earnáil. Áirítear le gnéithe comhchosúla, ach gan bheith teoranta dóibh, cineál na dtáirgí agus na seirbhísí a thairgtear, na bealaí seachadta a úsáidtear agus an cineál custaiméirí a bhfreastalaíonn siad orthu. Féadfaidh seoltóirí airgid, bainc phríobháideacha, agus gnólachtaí bróicéireachta, arb ionann iad agus fo-earnálacha institiúidí íocaíochta, institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta iad, faoi seach a bheith i gceist le fo-earnálacha. Chun bonn eolais a chur faoina ndearcadh ar earnálacha agus ar fho-earnálacha agus ar a ngnéithe sonracha, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar Theideal II de Threoirlínte an ÚBE maidir le Tosca Riosca AML/CFT.¹¹
39. Ba cheart go dtuigfeadh údaráis inniúla conas a eagraítear gach earnáil agus gach fo-earnáil, agus na rioscaí a bhaineann le gnéithe comhroinnte amhail cineál na dtáirgí agus na seirbhísí a thairgtear, na bealaí seachadta a úsáidtear agus an cineál custaiméirí a bhfreastalaíonn siad orthu. Ba cheart d'údaráis inniúla a dtuiscint ar na tosca riosca earnála agus fo-earnála a bhunú ar:
- dearcadh ardleibhéil ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad a bhaineann le hábhar measúnaithe in earnáil nó i bhfo-earnáil ar leith mar atá leagtha amach i mír 44 agus 45 sna treoirlínte seo chun cosúlachtaí laistigh de gach earnáil agus fo-earnáil ina n-iomláine a shainaithint; agus
 - faisnéis ábhartha a bhaineann leis na hearnálacha agus leis na fo-earnálacha mar atá leagtha amach i mír 41 sna treoirlínte seo.

¹¹ Treoirlínte an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF ar dhícheall cuí custaiméirí agus na tosca ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ('Na Treoir maidir le Tosca Riosca ML/TF') á measúnú acu faoi Airteagal 17 agus Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849, [ÚBE/GL/2021/02](#).



4.2.6 Cineál na faisnéise riachtanaí chun tosca riosca a shainaithint

a. Faisnéis faoi earnálacha

40. Ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis leordhóthanach, ábhartha agus iontaofa a bhailiú ó na foinsí a bhfuil cur síos déanta orthu i mír 30 agus 31 chun tuiscint fhoriomlán a fhorbairt ar na tosca riosca dhúchasaigh agus ar na tosca lena maolaítear na rioscaí sin laistigh den earnáil agus den fho-earnáil, nuair is ábhartha.
41. Chun tuiscint mhaith ar na tosca riosca dhúchasaigh laistigh de na hearnálacha agus fo-earnálacha a fhorbairt, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis a fháil lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na nithe seo a leanas:
- c) faisnéis maidir le méid, raon feidhme na gníomhaíochtaí, agus castacht na hearnála i bhformáid chomhiomlán;
 - d) cineál na samhlacha gnó laistigh den earnáil;
 - e) faisnéis ghinearálta maidir le cineál na dtáirgí, na seirbhísí, na gcustaiméirí agus na mbealaí seachadta a úsáidtear san earnáil nó san fho-earnáil agus a bpróifílí riosca, má tá siad ar eolas;
 - f) faisnéis maidir leis na rioscaí reatha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an earnáil nó leis an bhfo-earnáil ar bhonn intíre agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an fhaisnéis lena bhféadfaí a léiriú go bhféadfadh an earnáil nó an fho-earnáil a bheith neamhchosanta ar riosca méadaithe ML/TF mar thoradh ar chleachtais dí-rioscaithe a chuireann earnálacha eile i bhfeidhm ar na hearnálacha nó ar na fo-earnálacha sin;
 - g) faisnéis faoi na príomhrioscaí ML/TF a théann i bhfeidhm ar an margadh inmheánach;
 - h) tionchar gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den earnáil nó den fho-earnáil;
 - i) neamhchosaint na hearnála nó na fo-earnála ar leochaileacht a thagann chun cinn i gcomhthéacs domhanda;
 - j) tuairiscí ar bhagairtí, foláirimh agus típeolaíocht ón aonad faisnéise airgeadais agus ó chomhlachtaí stáit ábhartha eile, más infheidhme; agus
 - k) treoir arna foilsiú ag údaráis inniúla eile nó ag lucht socraithe caighdeán idirnáisiúnta;
42. Féadfaidh an fhaisnéis a gcuirtear síos uirthi thuas cur le dearcadh na n-údarás inniúil maidir le tosca riosca ar leibhéal na n-ábhar measúnaithe aonair agus a mhalairt freisin.

b. Faisnéis maidir le hábhair mheasúnaithe

43. Bunaithe ar an measúnú riosca earnála, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis leordhóthanach, ábhartha agus iontaofa a bhailiú ó na foinsí a bhfuil cur síos déanta orthu i mír 30 agus 31 chun tuiscint fhoriomlán a fhorbairt ar thosca riosca dhúchasaigh na n-ábhar measúnaithe, agus, agus a mhéid is féidir, ar na tosca riosca iarmharaigh.



44. Chun tuiscint mhaith ar na tosca riosca dhúchasaigh is infheidhme maidir le hábhair mheasúnaithe a fhorbairt, ba cheart d'údarás inniúla faisnéis a bhailiú ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta dóibh, an fhaisnéis a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
- a) úinéireacht agus struchtúr corparáideach na n-ábhar measúnaithe, ag cur san áireamh cé acu an institiúid creidmheasa nó institiúid airgeadais eachtrach nó intíre, máthairchuideachta, fochuideachta, brainse nó foras eile é an t-ábhar measúnaithe, agus leibhéal castachta agus trédhearcachta a eagraíocht agus a struchtúr;
 - b) cáil agus ionracas na mbainisteoirí sinsearacha, chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus na scairshealbhóirí cáilitheacha;
 - c) cineál agus castacht na dtáirgí agus na seirbhísí a sholáthraítear agus na ngníomhaíochtaí agus na n-idirbheart a dhéantar;
 - d) na bealaí seachadta a úsáidtear, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthar trí bhealaí neamhphearsanta agus úsáid gníomhairí nó idirghabhálaithe;
 - e) na cineálacha custaiméirí ar a bhfreastalaíonn an t-ábhar measúnaithe agus leibhéal an riosca a bhaineann leis na custaiméirí sin, lena n-áirítear custaiméirí ar daoine iad atá faoi riteacht pholaitiúil (PEPanna) agus na daoine a measúnaítear a bhfuil riosca ardaithe ML/TF ag baint leo de réir mhodheolaíocht mheasúnú riosca an ábhair measúnaithe;
 - f) limistéar geografach na ngníomhaíochtaí gnó, go háirithe i gcás ina ndéantar iad i dtríú tíortha ardriosca, ¹²chomh maith, más infheidhme, leis na tíortha tionscnaimh nó na tíortha bunaíochta ina bhfuil cuid shuntasach de chustaiméirí an ábhair measúnaithe agus naisc gheografacha a scairshealbhóirí cáilitheacha nó a úinéirí tairbhiúla;
 - g) na húdaruithe, ceadúnú nó nós imeachta an phas ag an ábhar measúnaithe.
45. Chun tuiscint mhaith ar na tosca riosca iarmharaigh ar a bhfuil na hábhair mheasúnaithe neamhchosanta a fhorbairt, ba cheart d'údarás inniúla faisnéis a bhailiú ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta di, an fhaisnéis i ndáil leis an méid seo a leanas:
- a) leordhóthanacht na mbeart maolaithe atá curtha i bhfeidhm ag ábhar measúnaithe agus go háirithe faisnéis
 - i) i ndáil le leordhóthanacht an chreata bainistithe riosca, lena n-áirítear bainistiú riosca ML/TF;
 - ii) ó thuarascálacha na feidhme rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear iniúcháireacht inmheánach, nuair is ábhartha;
 - iii) i ndáil le gnéithe stuamachta agus ginearálta de ghnó an ábhair measúnaithe, amhail líon na mblianta ag feidhmiú, leachtacht nó leordhóthanacht chaipitil;
 - iv) torthaí ó athbhreithnithe as an láithreán arna ndéanamh ag an údarás inniúil, ag údarás

¹² Treoirilínite an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF ar dhícheall cuí custaiméirí agus na tosca ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ('Na Treoir maidir le Tosca Riosca ML/TF') á measúnú acu faoi Airteagal 17 agus Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849, [ÚBE/GL/2021/02](#).



inniúil ábhartha eile, ag maoirseoirí stuamachta nó ag údarás maoirseachta ábhartha eile, lena n-áirítear údaráis AML/CFT i dtríú tíortha.

- b) éifeachtacht na mbeart maolaithe atá curtha i bhfeidhm ag ábhar measúnaithe, go háirithe faisnéis i ndáil leis an méid seo a leanas:
- i) cáilíocht na socruithe agus na struchtúr rialachais inmheánaigh, lena n-áirítear leordhóthanacht agus éifeachtacht na bhfeidhmeanna iniúcháireachta inmheánaí agus comhlíonta, línte tuairiscithe, an leibhéal um chomhlíonadh maidir le ceanglais dhlíthiúla agus rialála AML/CFT agus éifeachtacht beartas agus nósanna imeachta AML/CFT a mhéid a bhfuil siad seo ar eolas cheana féin;
 - ii) an ‘cultúr corparáideach’ atá i réim, go háirithe an ‘cultúr um chomhlíonadh’ agus cultúr na trédhearcachta agus na muiníne sa chaidreamh leis na húdaráis inniúla;
 - iii) torthaí ó chigireachtaí maoirseachta roimhe seo arna ndéanamh ag an údarás inniúil, ag údarás inniúil ábhartha eile, ag maoirseoirí stuamachta nó ag údarás maoirseachta ábhartha eile, lena n-áirítear údaráis AML/CFT i dtríú tíortha a bhaineann le gnéithe agus tástáil áirithe ar an láithreán.
 - iv) bearta maoirseachta ar feitheamh nó arna bhforchur agus smachtbhannaí a bhaineann leis an ábhar measúnaithe arna dhéanamh ag an údarás inniúil, maoirseoirí stuamachta nó údarás maoirseachta ábhartha eile, lena n-áirítear i dtríú tíortha;
 - v) Faisnéis a fhaightear ó aonaid faisnéise airgeadais, amhail an fhaisnéis a bhaineann le tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha.

46. I gcás go measann údaráis inniúla nach bhfuil an fhaisnéis a bhailítear trí fhoinsí a bhfuil cur síos déanta orthu i mír 30 agus 31 ar fáil nó nach leor í chun tuiscint mhaith a fhorbairt ar na rioscaí a bhaineann leis an ábhar measúnaithe, ba cheart d’údaráis inniúla smaoineamh ar an bhfaisnéis sin a bhailiú go díreach ó na hábhair measúnaithe.

47. I gcás ina mbailítear faisnéis don mheasúnú riosca aonair go díreach ó na hábhair mheasúnaithe, ba cheart d’údaráis inniúla a áirithiú go gcinnefar an cineál faisnéise a iarrfar leis na tosca riosca ábhartha intíre, eachtracha agus uile-earnála mar a leagtar amach sna treoirlínthe seo, lena n-áirítear rioscaí atá ag teacht chun cinn.

48. Ba cheart d’údaráis inniúla smaoineamh ar leibhéal agus ar mhinicíocht na faisnéise a iarrtar ó ábhair mheasúnaithe a choigeartú bunaithe ar an leibhéal riosca a bhaineann leis an earnáil nó leis an bhfo-earnáil lena mbaineann an t-ábhar measúnaithe. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí faisnéis a bhaineann leis na hearnálacha atá neamhchosanta ar leibhéal níos suntasaí rioscaí ML/TF a bhailiú níos minice ná earnálacha a bhfuil leibhéal riosca nach bhfuil chomh suntasach ag baint leo. Agus leibhéal agus minicíocht na n-iarratas ar fhaisnéis á chinneadh, ba cheart d’údaráis inniúla an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- a) cé acu an bhfuil cuid den fhaisnéis arna hiarraidh ar fáil don údarás inniúil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear maoirseoirí stuamachta, chun dúbailt iarratas ar fhaisnéis a laghdú;



- b) an cuspóir dá n-úsáidfear an fhaisnéis. I gcás go n-iarrfar an fhaisnéis chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú an údaráis inniúil ar rioscaí a bhaineann le hábhar measúnaithe nó leis an earnáil, ba cheart don údarás inniúil smaoineamh ar mhinicíocht na n-iarratas ar fhaisnéis a ailíniú le minicíocht na nuashonruithe ar an measúnú riosca;
- c) cé acu an bhfuil aon athruithe suntasacha ar leibhéal an riosca ML/TF a bhaineann leis an ábhar measúnaithe nó leis an earnáil, a thabharfadh le fios go bhfuil gá le hiarratais ar fhaisnéis ar bhonn níos minice.

4.3 Céim 2 – Measúnú riosca

4.3.1 Breithnithe ginearálta

- 49. Ba cheart d'údaráis inniúla dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh maidir leis na tosca riosca ML/TF atá sainaitheanta acu faoi Chéim 1 a bheidh, i dteannta a chéile, ina mbonn do mheasúnuithe aonair riosca na n-ábhar measúnaithe agus do na measúnuithe riosca earnála.
- 50. Agus a modheolaíocht measúnaithe riosca á dréachtú acu, ba cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú conas a idirghníomhaíonn measúnuithe riosca earnála agus measúnuithe riosca aonair. Soláthraítear leis an measúnú riosca earnála dearcadh foriomlán d'údaráis inniúla ar na rioscaí ML/TF a bhfuil ábhair mheasúnaithe neamhchosanta orthu in earnáil ar leith, agus ábharthacht tosca riosca aonair d'ábhair mheasúnaithe san earnáil sin. Trí mheasúnuithe riosca aonair, ba cheart go mbeadh údaráis inniúla ábalta tionchar na rioscaí earnála ar gach ábhar measúnaithe a mheasúnú, agus ag an am céanna, na measúnuithe riosca sin a úsáid chun a measúnuithe riosca earnála a thabhairt cothrom le dáta agus a athbhreithniú de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí thosca riosca nua is coiteann do na ábhair mheasúnaithe san earnáil a shainaithint.

4.3.2 Measúnú riosca earnála agus fo-earnála

- 51. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint mhaith ar na rioscaí ML/TF atá i ngach earnáil faoina maoirseacht a fhorbairt, rud a chuirfidh ar a gcumas tús áite a thabhairt dá ngníomhaíochtaí maoirseachta ar fud earnálacha agus laistigh díobh agus rioscaí ML/TF a shainaithint atá ábhartha d'earnáil ar leith. Ba cheart go soláthrófaí leis an measúnú riosca earnála bonn do na húdaráis inniúla chun measúnú riosca aonair a dhéanamh ar ábhair mheasúnaithe san earnáil ar leith sin, trína dtuiscint ar na rioscaí dúchasacha laistigh den earnáil ar a bhfuil na hábhair mheasúnaithe neamhchosanta a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi thuiscint an údaráis inniúil ar mhéid na haire maoirseachta a theastaíonn san earnáil. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh an bhfuil faisnéis leordhóthanach, iontaofa acu maidir le rialuithe laistigh den earnáil chun an measúnú ar riosca iarmharach a dhéanamh. Má mheastar nach leor an fhaisnéis sin, ba cheart do na húdaráis inniúla smaoineamh ar na huirlisí maoirseachta ábhartha atá ar fáil díobh a úsáid chun faisnéis leordhóthanach a fháil, mar atá leagtha amach i gCuid 4.4.4.
- 52. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil an measúnú riosca earnála sách cuimsitheach agus go gcuirfí ar chumas an mhaoirseora leis dearcadh iomlánaíoch a fháil ar na tosca riosca ábhartha uile, agus ar a mhéid a théann siad i gcion ar ábhair mheasúnaithe i ngach earnáil.



53. Chun an measúnú riosca earnála a dhéanamh, ba cheart do na húdaráis inniúla na hearnálacha agus na fo-earnálacha, nuair is ábhartha, faoina maoirseacht mar a shainiú ar dtús, mar a thuairiscítear i mír 38 agus 39 thuas.
54. Agus measúnú riosca á dhéanamh acu ar an earnáil nó ar an bhfo-earnáil, más ábhartha, ina hiomláine, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na tosca riosca ar fud na hearnála arna sainaitheint i gcomhréir le Céim 1 den tSamhail RBS. Ba cheart d'údaráis inniúla a measúnú a bhunú ar an bhfaisnéis a bhailítear i gcomhréir le Cuid 4.2.6.
55. Mar chuid den phróiseas sin, ba cheart go smaoinodh húdaráis inniúla ar ualuithe éagsúla a leithdháileadh ar thosca riosca éagsúla mar a thuairiscítear i mír 63 agus 64 de na treoirlínte seo, chun teacht le méid an tionchair atá ag bagairtí éagsúla ML/TF ar an earnáil áirithe.

4.3.3 Measúnuithe riosca aonair

56. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint chuimsitheach ar na rioscaí bunúsacha a fhorbairt agus, ar a mhéid a bhfuil rochtain acu ar shonraí atá sách iontaofa maidir le cáilíocht rialuithe AML/CFT an ábhair measúnaithe, ar rioscaí iarmharacha ar a bhfuil na hábhair measúnaithe neamhchosanta. Chuige sin, ba cheart dóibh measúnuithe riosca aonair a dhéanamh ar gach ábhar measúnaithe. Ba cheart do na húdaráis inniúla na foinsí ábhartha uile a úsáid chun an fhaisnéis is gá a bhailiú le haghaidh na measúnuithe aonair riosca mar a thuairiscítear i míreanna 44 go 48 thuas.
57. Chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar na rioscaí a bhaineann le hábhair mheasúnaithe aonair, ba cheart do na húdaráis inniúla próiseas agus modheolaíocht leanúnach a bhunú agus a choimeád chun rioscaí a bhaineann leis na hábhair mheasúnaithe a mheasúnú agus a athbhreithniú. Agus a bpróisis mheasúnaithe riosca á bhforbairt acu, ba cheart do na húdaráis inniúla:
 - a) Treoir a fháil ó thoradh an mheasúnaithe ar na rioscaí laistigh den earnáil nó den fho-earnáil lena mbaineann an t-ábhar measúnaithe. Go bunúsach, leis an measúnú riosca earnála nó fo-earnála, beidh na príomhrioscaí dúchasacha a bhfuil na hábhair mheasúnaithe aonair laistigh d'earnáil nó d'fho-earnáil ar leith neamhchosanta orthu sainaitheanta cheana féin ag an údarás inniúil.
 - b) A chinneadh conas a dhéanfaidh siad measúnú ar na tosca riosca dhúchasaigh a sainaitheint faoi Chéim 1 den tSamhail RBS a bhfuil tionchar acu ar an ábhar measúnaithe.
 - c) An fhaisnéis is gá a bhailiú lena gcuirfear ar a gcumas tuiscint a fháil ar neamhchosaint an ábhair measúnaithe ar rioscaí custaiméirí, táirgí agus seirbhísí, geografacha agus do bhealaí dáileacháin. Ciallaíonn sé sin gur cheart d'údaráis inniúla a mheas an bhfuil an fhaisnéis chéanna ag teastáil i gcomhair na n-ábhar measúnaithe go léir. I gcás go mbailítear faisnéis ó na hábhair mheasúnaithe, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar an gcuid maidir le 'Deimhniú Cáilíochta' sna treoirlínte seo le haghaidh cosaintí breise ba cheart a chur i bhfeidhm.



58. Más rud é, ar bhonn na faisnéise atá leagtha amach i mír 45 b) sna treoirlínte seo, go bhfuil tuiscint leordhóthanach agus sách iontaofa forbartha ag údaráis inniúla ar bhearta maolaithe arna gcur i bhfeidhm ag ábhair mheasúnaithe, ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar an riosca iarmharach maidir leis na hábhair mheasúnaithe sin. I gcás nach bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil, áfach, nó i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin iontaofa, nó sách cuimsitheach, ba cheart d'údaráis inniúla an measúnú riosca dhúchasaigh maidir leis na hábhair sin a úsáid ina ionad sin.
59. Agus na tosca riosca iarmharaigh á measúnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla na bearta is gá a dhéanamh chun a mheas cé chomh leordhóthanach is atá na córais agus rialuithe AML/CFT, atá i bhfeidhm ag an ábhar measúnaithe, chun na rioscaí dúchasacha ar a bhfuil sé neamhchosanta a mhaolú go héifeachtach. Mar chuid de sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar a laghad ar an méid seo a leanas:
- go bhfuil na córais agus na rialuithe AML/CFT atá liostaithe in Airteagal 8(4) de Threoir (AE) 2015/849 ann agus go gcuirtear i bhfeidhm iad. Ba cheart go mbeadh na rialuithe sin sách cuimsitheach agus ar comhréir leis na rioscaí ML/TF;
 - go bhfuil socruithe rialachais níos leithne agus próisis bhainistíochta riosca, lena n-áirítear cultúr foriomlán riosca, leordhóthanach agus éifeachtach.
60. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh conas a mbreithiúnas gairmiúil a chuimsiú ina n-obair measúnuithe riosca. Déantar foráil i gcuid 4.4.4. i ndáil leis sin gur cheart go gcuirfidh ar chumas na n-údarás inniúil leis an lámhleabhar maoirseachta AML/CFT cur i bhfeidhm na n-uirlisí maoirseachta agus an bhreithiúnais ghairmiúil ar bhealach comhsheasmhach a áirithiú.

4.3.4 Measúnú ar na rioscaí ML/TF ar leibhéal an ghrúpa

61. Ba cheart d'údaráis inniúla, arb iad an príomh-mhaoirseoirí i gcomhréir le Treoirlínte Comhphárteacha na ÚMEanna maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849¹³, dearcadh iomlánaíoch a fhorbairt ar rioscaí ML/TF ar a bhfuil ábhair mheasúnaithe ar cuid de ghrúpa iad neamhchosanta. Ciallaíonn sé sin gur cheart do na húdaráis inniúla sin próifíl riosca a fhorbairt don ábhar measúnaithe faoina maoirseacht, ag cur san áireamh na tosca riosca intíre agus eachtracha go léir. Ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí trasteorann an ábhair measúnaithe agus ar ghníomhaíochtaí gnó chodanna dá ngrúpa i ndlínsí eile, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar phróifíl riosca fhoriomlán an ábhair measúnaithe. Go sonrach, ba cheart go léireodh an measúnú riosca ar a laghad na rioscaí a thagann as neamhchosaint an ábhair measúnaithe ar thíortha a mbaineann an méid seo a leanas leo:
- a bhfuil sé aitheanta ag an gCoimisiún Eorpach go bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcóras AML/CFT, i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;
 - i gcás go dtoirmisctear leis an dlí beartais agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur chun feidhme agus go háirithe má tá cásanna ann inar cheart Rialachán Tarmligthe (AE)

¹³ (JC 2019 81).



2019/758 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm;

- c) atá neamhchosanta, i gcomhréir le foinsí inchreidte agus iontaofa¹⁴, ar leibhéal arda éillithe nó do chionta preideacáide eile a bhaineann le ML;
 - d) tíortha nó críocha inar eol go bhfuil eagraíochtaí sceimhlitheoireachta ag feidhmiú nó a bhí faoi réir smachtbhannaí eacnamaíocha airgeadais, lanchoisc nó beart a bhaineann le sceimhlitheoireacht, maoiniú sceimhlitheoireachta nó leathadh arna n-eisiúint, mar shampla, ag na Náisiúin Aontaithe nó ag an Aontas Eorpach; agus
 - e) i gcás, de réir faisnéise ó níos mó ná foinse inchreidte agus iontaofa amháin, gur ardaíodh ábhair inmí thromchúiseacha faoi éifeachtacht agus cháilíocht rialuithe AML/CFT na dlínse, lena n-áirítear faisnéis faoi cháilíocht agus faoi éifeachtacht an fhorfheidhmithe agus na maoirseachta rialála. Sa chás sin, d'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith i gceist le foinsí inchreidte iontaofa:- tuarascálacha meastóireachta frithpháirteacha ag an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) nó Comhlachtaí Réigiúnacha ar nós FATF (FSRBanna), liosta an FATF de dhlínsí ardriosca agus neamh-chomhoibríocha, measúnuithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus tuarascálacha Chlár Measúnaithe na hEarnála Airgeadais (FSAP).
62. Chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú riosca na n-ábhar measúnaithe ar cuid de ghrúpa iad, ba cheart do na húdaráis inniúla, arb iad an príomh-mhaoirseoir, comhoibriú agus faisnéis ábhartha a mhalartú le húdaráis inniúla eile atá freagrach as maoirseacht AML/CFT ar chodanna den ghrúpa. I gcás grúpaí trasteorann, má tá coláiste AML/CFT ann, ba cheart don phríomh-mhaoirseoir úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a mhalartaítear sa choláiste chun an fhaisnéis is gá don mheasúnú riosca a bhailiú. Áirítear le faisnéis riachtanach, maidir le brainsí nó fochuideachtaí na n-ábhar measúnaithe, faisnéis ar a laghad a bhaineann le:
- a) próifíl riosca ML/TF na mbrainsí nó na bhfochuideachtaí arna measúnú ag na húdaráis inniúla ábhartha sna dlínsí sin;
 - b) próifíl riosca ML/TF na hearnála ag a bhfuil brainsí nó fochuideachtaí arna measúnú ag na húdaráis ábhartha sna dlínsí sin;
 - c) torthaí ó mheasúnuithe na n-údarás inniúil ar cháilíocht na rialuithe atá i bhfeidhm laistigh de bhrainsí nó d'fhochuideachtaí na n-ábhar measúnaithe;
 - d) sáruithe tromchúiseacha nó laigí ábhartha i mbrainsí nó i bhfochuideachtaí arna sainaitheint ag údaráis inniúla ábhartha ina ndlínsí;
 - e) aon bhearta maoirseachta agus smachtbhannaí arna bhforchur ar bhrainsí nó ar fhochuideachtaí ag údaráis inniúla ábhartha ina ndlínsí.
63. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil beartais agus nósanna imeachta uile-ghrúpa curtha chun feidhme go héifeachtach ag na hábhair measúnaithe ina mbrainsí agus ina bhfochuideachtaí,

¹⁴ De réir Threoirilínite an ÚBE faoi Airteagal 17 agus Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849, féadfar creidiúnacht na líomhaintí a chinneadh ar bhonn cháilíocht agus neamhspleáchas fhoinsé na sonraí agus ar dhianseasmhacht thuairisciú na líomhaintí sin, i measc breithnithe eile.



ba cheart d'údaráis inniúla, arb iad an príomh-mhaoirseoir, féachaint ar an measúnú riosca i leith na n-ábhar measúnaithe sin a bhfuil cur síos déanta air i mír 57 agus 58 de na treoirlínte seo agus, go háirithe, an measúnú ar rioscaí geografacha a bhfuil brainsí agus fochuideachtaí na n-ábhar measúnaithe neamhchosanta orthu.

4.3.5 Tosca riosca a ualú

64. Ba cheart d'údaráis inniúla na tosca riosca d'earnálacha agus d'ábhair mheasúnaithe arna sainaitheint faoi Chéim 1 den tSamhail RBS a ualú, ag brath ar a dtábhacht choibhneasta. Maidir leis sin, tá roinnt cúinsí ann inar cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- a) Agus tosca riosca dhúchasaigh á n-ualú, ba cheart d'údaráis inniúla breithiúnas eolasach a thabhairt faoi ábharthacht tosca éagsúla i ndáil le hábhar measúnaithe earnála, fo-earnála nó aonair. Maidir le hábhair mheasúnaithe aonair, ba cheart do na húdaráis inniúla a measúnú riosca earnála nó fo-earnála a chur san áireamh.
- b) Féadfaidh an t-ualú a thugtar i leith tosca riosca aonair a bheith éagsúil ó earnálacha, fo-earnálacha nó ábhair mheasúnaithe, ach ba cheart d'údaráis inniúla tosca comhchosúla a úsáid le haghaidh earnálacha, fo-earnálacha nó ábhair mheasúnaithe atá cosúil lena chéile.
- c) Ní bheidh cás de thoradh ar ualú rioscaí go mbeadh sé dodhéanta earnáil, fo-earnáil nó ábhar measúnaithe a aicmiú mar riosca suntasach nó an-suntasach nó i gcás go dtagann gach earnáil, fo-earnáil nó ábhar measúnaithe laistigh den chatagóir riosca chéanna.
- d) Ní bhíonn tionchar míchuí ag toisc riosca amháin ar ualú agus tugtar aird chuí ar thosca arna sainaitheint i dTreoir (AE) 2015/849 nó sa reachtaíocht náisiúnta mar thosca lena gcruthaítear riosca suntasach nó riosca ard ML/TF i gcónaí. Agus tosca riosca á n-ualú, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú nach gcuirfidh toisc riosca amháin isteach ar chothromaíocht an ualaithe fhoriomláin agus nach mbeadh measúnú díréireach agus míréasúnta mar thoradh uirthi.

65. I gcás go n-úsáideann údaráis inniúla córais TF uathoibríthe chun scóir riosca fhoriomlána a leithdháileadh ar na hábhair mheasúnaithe, agus go háirithe i gcásanna nár fhorbair siad iad sin go himheánach ach gur cheannaigh siad iad ó sholáthraí seachtrach nó inar bhraith siad seachas sin ar ionchur seachtrach, ba cheart go dtuigfidís conas a oibríonn an córas agus an dóigh a ndéanann sé tosca riosca a chomhcheangal nó a ualú chun scór riosca foriomlán a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta i gcónaí go dtiocfaidh na scóir a leithdháiltear lena dtuiscint ar an riosca ML/TF a bhaineann leis an ábhar measúnaithe.

4.3.6 Próifil agus catagóirí riosca

66. Ba cheart go mbeadh sé mar thoradh ar mheasúnú ar an leibhéal riosca dhúchasaigh agus ar an éifeacht ar an leibhéal riosca dhúchasaigh ag maolaitheoirí riosca go sannfaí scór riosca, nuair is ábhartha, don earnáil, don fho-earnáil agus don ábhar measúnaithe chun comparáid idir na hábhair mheasúnaithe a éascú agus chun bonn eolais a chur faoin mbeart a dhéanann siad i gCéim 3.



67. Ba cheart d’údaráis inniúla a áirithiú go mbeidh an measúnú ar mhaolaitheoirí laistigh d’ábhar measúnaithe, d’earnáil nó d’fho-earnáil bunaithe ar fhaisnéis iontaofa, amhail an fhaisnéis atá leagtha amach i bpointe b) de mhír 45 thuas. Ceal faisnéis den sórt sin, ba cheart d’údaráis inniúla a mheas an bhfuil údar le tosca maolaithe a chuimsiú, agus an ndearnadh, mar thoradh ar scóir a leithdháileadh ar thosca maolaitheacha, scór riosca deiridh ML/TF an ábhair measúnaithe a shaobhadh.
68. I gcás nach bhfuil ach faisnéis theoranta nó neamhfhíoraithe ar fáil d’údaráis inniúla faoi mhaolaitheoirí laistigh den ábhar measúnaithe nó den earnáil agus den fho-earnáil, ba cheart dóibh na hábhair mheasúnaithe, na hearnálacha agus na fo-earnálacha sin a chatagóiriú ar bhonn a bpróifíle riosca dhúchasaigh agus an scór riosca iarmharaigh a shannadh i gcás go gcuirfear faisnéis ábhartha ar fáil.
69. Ba cheart d’údaráis inniúla a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid chun torthaí an mheasúnaithe riosca iomláin ar an ábhar measúnaithe nó ar an earnáil/fo-earnáil a bhailíochtú agus é a cheartú más gá.
70. Ba cheart d’údaráis inniúla an bealach is iomchuí a chinneadh chun próifílí riosca na n-ábhar measúnaithe, na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha a chatagóiriú. Chun cóineasú a bhaint amach agus comhar agus malartú faisnéise a éascú idir údaráis inniúla éagsúla, ba cheart d’údaráis inniúla smaoineamh ar ábhar measúnaithe, earnálacha agus fo-earnálacha a aicmiú mar ábhar ‘an-suntasach’, ‘suntasach’, ‘measartha suntasach’ agus ‘nach bhfuil chomh suntasach’ i gcomhréir le próisis mheasúnaithe riosca ML/TF an ÚBE.
71. Ba cheart d’údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear ar a gcumas lena bpróisis measúnaithe riosca idirdhealú a dhéanamh idir rioscaí dúchasacha agus rioscaí iarmharacha. Agus an riosca dúchasach a bhaineann leis na hábhair mheasúnaithe, na hearnálacha nó na fo-earnálacha á gcatagóiriú, ba cheart d’údaráis inniúla na catagóirí riosca seo a leanas a chur san áireamh:
- a) riosca nach bhfuil chomh suntasach, i gcás gur fíorbheag an seans go mbainfear mí-úsáid fhairsing as an ábhar measúnaithe, as an earnáil nó as an bhfo-earnáil chun críocha ML/TF;
 - b) riosca measartha suntasach, i gcás gur beag an seans go mbainfear mí-úsáid fhairsing as an ábhar measúnaithe, as an earnáil nó as an bhfo-earnáil chun críocha ML/TF;
 - c) riosca suntasach, i gcás go bhfuil seans ann go mbainfear mí-úsáid fhairsing as an ábhar measúnaithe, as an earnáil nó as an bhfo-earnáil chun críocha ML/TF; nó
 - d) riosca an-suntasach, i gcás go bhfuil seans an-mhór ann go mbainfear mí-úsáid fhairsing as an ábhar measúnaithe, as an earnáil nó as an bhfo-earnáil chun críocha ML/TF;
72. Agus an riosca iarmharach a bhaineann le hábhair mheasúnaithe, le hearnálacha nó le fo-earnálacha á gcatagóiriú ag údaráis inniúla, ba cheart dóibh an tionchar a d’fhéadfadh a bheith le bearta maolaitheacha ar an riosca dúchasach a bhaineann leis na hábhair mheasúnaithe, le



hearnálacha agus le fo-earnálacha a chur san áireamh. Ba cheart do na húdaráis inniúla na ceithre chatagóir riosca a chur i bhfeidhm chun riosca iarmharach a chatagóiriú mar a leanas:

- a) riosca nach bhfuil chomh suntasach, i gcás nach bhfuil an riosca dúchasach chomh suntasach sin agus nach bhfuil tionchar ag maolú ar an bpróifíl riosca fós, nó i gcás go bhfuil an riosca dúchasach measartha suntasach nó suntasach, ach go ndéantar é a mhaolú go héifeachtach trí chórais agus rialuithe AML/CFT;
- b) riosca measartha suntasach, i gcás nach mbaineann ach suntasacht mheasartha leis an riosca sin agus nach bhfuil tionchar ag maolú ar an bpróifíl riosca fós, nó i gcás go bhfuil an riosca dúchasach suntasach nó an-suntasach, ach go ndéantar é a mhaolú go héifeachtach trí chórais agus rialuithe AML/CFT;
- c) riosca suntasach, i gcás go bhfuil riosca dúchasach suntasach agus nach bhfuil tionchar ag maolú ar an bpróifíl riosca fós, nó i gcás go bhfuil an riosca dúchasach an-suntasach, ach go ndéantar é a mhaolú go héifeachtach trí chórais agus rialuithe AML/CFT; nó
- d) riosca an-suntasach, i gcás go bhfuil an riosca dúchasach an-suntasach agus, beag beann ar an maolú, nach bhfuil aon tionchar ag an maolú ar an bpróifíl riosca, nó i gcás go bhfuil an riosca dúchasach an-suntasach agus nach ndéantar é a mhaolú go héifeachtach mar gheall ar laigí sistéamacha i gcórais agus rialuithe AML/CFT an ábhair measúnaithe nó i bhformhór na n-ábhar measúnaithe san earnáil.

73. I gcás go gcinneadh údaráis inniúla gan an t-aicmiú riosca atá leagtha amach i mír 69, 70 agus 71 thuas a chur i bhfeidhm, ba cheart go mbeidís ábalta a gcatagóirí riosca a athrú i gcomhréir leis na cinn a mholtar sna treoirilínite seo. Ba cheart d'údaráis inniúla cur chuige coimeádach a ghlacadh agus na catagóirí riosca mar a thuiriscítear san iarscríbhinn a ghabhann leis na treoirilínite seo á n-athrú acu.

74. Ba cheart d'údaráis inniúla a thabhairt faoi deara go bhféadfadh difríocht a bheith idir catagóirí na n-ábhar measúnaithe chun críocha riosca ML/TF agus na catagóirí a chuirtear i bhfeidhm ar na hábhair mheasúnaithe céanna chun críocha riosca iompair nó riosca stuamachta i gcoitinne.

75. I gcás go n-úsáideann údarás inniúil córas uathoibríthe TF chun próifíl nó scór riosca ábhair measúnaithe a chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla lamháltais a dhéanamh maidir le cásanna ina bhféadfadh gá a bheith acu le torthaí na scórála uathoibríthe a leasú ar bhonn a mbreithiúnais ghairmiúil chomh maith leis an bpróiseas athbhreithnithe atá leagtha amach i gCéim 4 den tSamhail RBS. Féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh a mbreithiúnas gairmiúil a chur i bhfeidhm má tá faisnéis ann lena dtabharfaí le tuiscint nach léiriú fíor ar an bhfírinne é an rátáil riosca fhoriomlán, lena n-áirítear faisnéis ó aonaid faisnéise airgeadais, ó thuarascálacha na meán, ó mhaoirseoirí eile nó ó mhaoirseacht ar an láithreán agus as an láithreán. Ba cheart don údarás inniúil an réasúnaíocht le haghaidh athruithe dá leithéid ar an bpróifíl nó scór a thaifeadh go soiléir.

4.4 Céim 3 – Maoirseacht

4.4.1 Forálacha ginearálta

76. Ba cheart d’údaráis inniúla a áirithiú go mbeidh na hábhair mheasúnaithe atá neamhchosanta ar rioscaí suntasacha agus an-suntasach ML/TF faoi réir maoirseachta ar bhonn níos minice agus níos sáití ná na cinn atá neamhchosaint ar rioscaí measartha nó ar rioscaí nach bhfuil chomh suntasach. Ba cheart d’údaráis inniúla a gcur chuige maoirseachta a choigeartú trí cheann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas a choigeartú:

- a) cineál na maoirseachta, tríd an gcóimheas idir uirlisí maoirseachta as an láithreán agus uirlisí maoirseachta ar an láithreán a choigeartú;
- b) fócas na maoirseachta, trí dhíriú ar an gcreat AML/CFT iomlán atá i bhfeidhm ar na hábhair mheasúnaithe nó trí dhíriú ar bhainistiú rioscaí sonracha ML/TF, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le táirgí nó seirbhísí áirithe, nó ar ghnéithe sonracha de na próisis AML/CFT amhail sainathint custaiméirí, measúnú riosca, faireachán leanúnach agus gníomhaíochtaí tuairiscithe;
- c) minicíocht na maoirseachta, trína áirithiú go ndéanfar maoirseacht níos minice ar na hábhair mheasúnaithe atá neamhchosanta ar rioscaí ML/TF níos suntasaí ná na hábhair measúnaithe sin atá neamhchosanta ar rioscaí nach bhfuil chomh suntasach; agus
- d) déine agus sáiteach na maoirseachta, trí mhéid na n-athbhreithnithe ar chomhaid chustaiméirí, tástáil shamplach ar idirbhearta agus tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha a dhéantar ar an láithreán a chinneadh de réir an riosca. Ba cheart d’údaráis inniúla a shonrú nach dócha gur leor athbhreithniú a bheidh bunaithe ar mheasúnú ar bheartais agus ar nósanna imeachta amháin, seachas ar a gcur chun feidhme, i gcásanna ina bhfuil an neamhchosaint ar riosca ML/TF níos suntasaí.

4.4.2 Straitéis mhaoirseachta

77. Ba cheart d’údaráis inniúla straitéis mhaoirseachta AML/CFT níos fadtéarmaí a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcás ina leagfaidh siad amach conas a mhaolódh siad na rioscaí ML/TF a shainaithin siad i ngach earnáil agus i ngach fo-earnáil, más ábhartha, atá faoina maoirseacht. Ba cheart go mbeadh an straitéis bunaithe ar an measúnú riosca uile-earnála arna dhéanamh ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le Treoirle 4.3.

78. Sa straitéis, ba cheart d’údaráis inniúla cuspóirí soiléire a leagan síos maidir lena gcur chuige maidir le maoirseacht AML/CFT agus ba cheart dóibh a leagan amach conas a bhainfear na cuspóirí sin amach laistigh de chreat ama sainithe agus leis na hacmhainní atá ar fáil. Mar chuid de sin, ba cheart go ndéanfaí an méid seo a leanas leis an straitéis mhaoirseachta:

- a) a mhíniú conas a oibreoidh siad chun na rioscaí ML/TF atá ann cheana a sainathníodh sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha faoina maoirseacht a mhaolú;
- b) a mhíniú conas a áiritheoidh siad go gcuirfear clúdach maoirseachta agus faireachán leordhóthanach atá ar comhréir leis an riosca ML/TF i bhfeidhm ar gach earnáil agus ar gach



fo-earnáil, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le rioscaí ML/TF níos ísle. Go sonrach, conas a áiritheoidh siad go bhfaighidh earnálacha a bhaineann le rioscaí ML/TF níos suntasaí clúdach maoirseachta níos airde;

- c) na cineálacha uirlisí maoirseachta a úsáidfidh na húdaráis inniúla chun dul i ngleic leis na cineálacha rioscaí atá tuairiscithe i gCuid 4.4.4 de na Treoirlínte seo a leagan amach;
- d) timthriallta cigireachtaí agus athbhreithnithe maoirseachta, más ann dóibh, a shainiú a ndéanfar maoirseacht ar na hábhair mheasúnaithe i ngach catagóir riosca dá réir agus an cineál uirlisí maoirseachta is infheidhme i ngach timthriall a shainiú;
- e) na hacmhainní maoirseachta is gá chun an straitéis mhaoirseachta a chur chun feidhme a chinneadh agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil dóibh;
- f) a mhíniú conas a rachaidh údaráis inniúla i ngleic le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a dtabharfaidh siad aghaidh orthu go héifeachtach nuair a thagann siad chun cinn ar bhealach nach mbeidh tionchar díobhálach aige ar an straitéis iomlán.

4.4.3 Plean maoirseachta AML/CFT

- 79. Ba cheart d'údaráis inniúla plean maoirseachta a chinneadh agus a chur ar bun do na hábhair mheasúnaithe go léir, ina míneofar conas a chuirfear a straitéis mhaoirseachta chun feidhme i ngníomh. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis an tréimhse ama a chumhdófar ina bplean maoirseachta, amhail plean maoirseachta bliantúil nó plean dhá bhliain, agus srianta eagraíochtúla níos leithne á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí.
- 80. Ba cheart d'údaráis inniúla na pleananna maoirseachta go léir a chumhdaíonn an tréimhse ama iomlán a chumhdaítear sa straitéis mhaoirseachta a chomhordú chun cothromaíocht a áirithiú eatarthu agus go bhfeidhmeoidh siad le chéile chun an straitéis mhaoirseachta a chur chun feidhme. Ciallaíonn sé sin, i gcás ina bhfuil an straitéis mhaoirseachta socraithe ar feadh tréimhse 5 bliana ach go ndéantar na pleananna maoirseachta a fhorbairt go bliantúil, gur cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonfar an straitéis leis na pleananna bliantúla go léir le chéile thar an tréimhse 5 bliana.
- 81. Sa phlean maoirseachta, ba cheart go ndéanfadh na húdaráis inniúla na huirlisí maoirseachta a chuirfidh siad i bhfeidhm maidir le hábhair mheasúnaithe a leagan amach go soiléir lena gcuspóirí a bhaint amach i gcomhréir lena straitéis. Ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as measúnuithe riosca ar ábhair mheasúnaithe aonair lena rogha uirlisí maoirseachta a mhionchoigeartú le haghaidh ábhar measúnaithe sonrach a dhíríonn ar rioscaí a bhaineann go sonrach leis an ábhar measúnaithe sin.
- 82. Ba cheart d'údaráis inniúla a leagan amach sa phlean conas a leithdháilfidh siad acmhainní maoirseachta ar na hábhair mheasúnaithe ar bhealach atá ar comhréir le próifíl riosca na n-ábhar measúnaithe a forbraíodh i gcomhréir le Treoirlíne 4.3.
- 83. Ba cheart d'údaráis inniúla a aithint go bhféadfadh sé nach mbeadh tábhacht shistéamach ag baint le hábhair mheasúnaithe atá neamhchosanta ar leibhéal shuntasacha nó an-suntasach



riosca ML/TF. Dá réir sin, agus na huirlisí maoirseachta AML/CFT is iomchuí á gcinneadh acu, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar a measúnú riosca ML/TF agus níor cheart dóibh brath ar a measúnuithe riosca stuamachta nó iompair, i gcás go bhfuil siad ar fáil, agus níor cheart dóibh ach ábhair mheasúnaithe a bhfuil tábhacht shistéamach leo a mheas. Ba cheart d'údaráis inniúla a shonrú go bhféadfadh sé nach mbeadh sé iomchuí conclúidí a dhéanamh chun críoche maoirseachta AML/CFT ón leibhéal riosca stuamachta nó iompair.

84. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go mbeidh an plean maoirseachta AML/CFT neamhspleách ar an bplean maoirseachta stuamachta; cé go bhféadfadh sé, uaireanta, go mbeadh comhréim sna hábhair mheasúnaithe arna n-iniúchadh ag údaráis inniúla agus maoirseoirí stuamachta, agus féadfar uirlisí comhpháirteacha nó forlíontacha maoirseachta a chur i bhfeidhm. Tá na húdaráis inniúla freagrach, áfach, as a áirithiú go gcomhlíonfar cuspóirí maoirseachta AML/CFT go hiomlán mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin.
85. Agus an plean maoirseachta AML/CFT á fhorbairt, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go ndéanfaidh siad soláthar maidir le teagmhais i gcásanna go sainaithnítear rioscaí nua le linn maoirseachta ar an láithreán nó as an láithreán nó trí fhoinní iontaofa eile, lena n-éilítear ar údaráis inniúla freagairt ar bhealach cuí tráthúil.
86. I gcás go gceanglaítear ar údaráis inniúla leasuithe a dhéanamh ar an bplean maoirseachta tosaigh AML/CFT, amhail athrú ó mhaoirseacht as an láithreán go maoirseacht ar an láithreán nó ó athbhreithnithe téamacha go cigireachtaí cuimsitheacha, chun oiriúnú don imthosca nua nó chun dul i ngleic leis an ML/TF atá ag teacht chun cinn, ba cheart go mbeadh socruithe rialachais inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm acu agus athruithe dá leithéid ar an bplean maoirseachta á bpróiseáil acu. Ba cheart d'údaráis inniúla gach athrú den sórt sin a thaifeadadh go leordhóthanach, ag míniú conas agus cathain a dhéanfar maoirseacht ar na hábhair mheasúnaithe sin a mbeidh tionchar ag athruithe ar an bplean orthu.

4.4.4 Uirlisí maoirseachta

87. Ba cheart go n-aithneodh údaráis inniúla go bhfuil gach ábhar measúnaithe, earnáil agus fo-earnáil neamhchosanta ar leibhéal éagsúla riosca ML/TF agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh éagsúlacht a bheith idir cineál agus minicíocht na n-uirlisí maoirseachta a úsáidtear. Chun úsáid éifeachtúil acmhainní maoirseachta a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla uirlisí maoirseachta dá leithéid a roghnú ar dóigh go mbeidh tionchar níos mó acu ar chomhlíonadh na n-ábhar measúnaithe, nó lenar féidir cuid níos mó d'earnáil a chumhdach leo. I gcás go bhfuil údaráis inniúla ag féachaint le tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an mbealach a bhainistíonn earnáil, nó cineálacha áirithe ábhar measúnaithe, rioscaí sonracha ML/TF, ba cheart dóibh smaoineamh ar athbhreithnithe téamacha a úsáid chun é sin a bhaint amach.
88. Ba cheart go mbeadh tuiscint mhaith ag údaráis inniúla ar na huirlisí maoirseachta go léir atá ar fáil dóibh lena straitéis agus lena bplean maoirseachta a chur chun feidhme. Ba cheart dóibh tuiscint ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach uirlis mhaoirseachta a fhorbairt, lena n-áirítear an leibhéal sáiteachta agus déine a d'fhéadfaidís a bhaint amach le gach ceann de na huirlisí maoirseachta, agus smaoineamh ar conas is féidir leo an raon is leithne



d'uirilís maoirseachta atá ar fáil dóibh a úsáid go héifeachtach, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, cigireachtaí cuimsitheacha nó cigireachtaí páirteacha ar an láithreán, cigireachtaí ad hoc, cigireachtaí téamacha, tuairisceáin AML/CFT, iarchigireachtaí, athbhreithnithe as an láithreán, chomh maith le haiseolas agus treoir don earnáil.

89. Ba cheart d'údaráis inniúla na huirlisí maoirseachta is éifeachtaí a roghnú le haghaidh na n-ábhar measúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas nó ar chuspóir sonracha maoirseachta. Agus uirlisí maoirseachta á roghnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar a measúnuithe riosca earnála agus aonair ML/TF agus ba cheart dóibh an méid seo a leanas a chur san áireamh freisin:

- a) líon na n-ábhar measúnaithe agus líon na n-earnálacha atá faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil;
- b) gnéithe sonracha uirlisí maoirseachta éagsúla nuair a chuirtear i bhfeidhm iad ina n-aonar nó i gcomhar lena chéile;
- c) na hacmhainní is gá chun uirlisí maoirseachta éagsúla a chur i bhfeidhm;
- d) an méid ama a theastaíonn don uirlis mhaoirseachta lena cuspóir a bhaint amach agus chun tionchar a imirt ar chomhlíonadh AML/CFT na n-ábhar measúnaithe.

90. Ba cheart go mbeadh an tsolúbthacht ag údaráis inniúla le bheith ábalta a n-úsáid uirlisí maoirseachta a oiriúnú chomh maith mar fhreagra ar rioscaí ML/TF atá ag teacht chun cinn laistigh d'ábhar measúnaithe, earnáil nó fo-earnáil de réir mar a thagann siad chun cinn. Ciallaíonn sé sin, i gcás go bhfuil riosca ML/TF sainaitheanta ag údaráis inniúla, trí thuairisceáin AML/CFT, trí uirlisí maoirseachta eile nó trí mhodhanna eile, gur cheart dóibh a mheas an mbeadh measúnú breise agus níos sáití trí athbhreithniú as an láithreán nó trí chigireacht ar an láithreán riachtanach lena áirithiú go bhfuil córais agus rialuithe an ábhair measúnaithe sách láidir chun an riosca atá ag teacht chun cinn a mhaolú. Dá réir sin, cuireann cigireachtaí ar an láithreán ar chumas na n-údarás inniúil:

- a) tuiscint níos cuimsithí a fhorbairt ar chur chuige foriomlán an ábhair mheasúnaithe i leith AML/CFT, lena n-áirítear cleachtais, rialachas, iompar foirne agus cultúr;
- b) plé a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh tarlú, ar thorthaí na ngníomhaíochtaí maoirseachta, chomh maith le fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith os comhair an ábhair measúnaithe agus bealaí chun iad a réiteach;
- c) a n-ionchais mhaoirseachta a chur in iúl go díreach do na hábhair mheasúnaithe.

91. Ina n-aonar nó i gcomhar le huirlisí maoirseachta eile, ba cheart d'údaráis inniúla smaoineamh ar chigireachtaí ar an láithreán a úsáid, go háirithe, agus maoirseacht á déanamh acu ar ábhair mheasúnaithe a mbaineann leibhéal suntasach agus an-suntasach riosca ML/TF leo. Áirítear leis na cigireachtaí sin, ar a laghad, athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta AML/CFT na n-ábhar measúnaithe agus measúnú ar an dóigh a gcuirtear chun feidhme i ngníomh iad trí, inter alia, agallaimh le príomhphearsanra, tástáil ar chórais a úsáidtear i gcomhlíonadh AML/CFT agus athbhreithniú ar an measúnú riosca agus comhaid custaiméirí. Bunaithe ar raon



feidhme agus ar chastacht ghnó na n-ábhar measúnaithe, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an gcumhdóidh an chigireacht chuimsitheach ar an láithreán gnó iomlán an ábhair measúnaithe nó an mbeadh sé níos indéanta díriú ar líne shonrach ghnó laistigh den ábhar measúnaithe. Cé gur cheart d'údaráis inniúla, i gcás go bhfuil an raon feidhme teoranta do réimse sonrach gnó, tuiscint a fhorbairt ar na pointí teagmhála idir na córais agus na rialuithe a chuirtear i bhfeidhm laistigh den líne ghnó sin agus na cinn a chuirtear i bhfeidhm san institiúid i gcoitinne agus, i gcás go bhfuil laigí i gcórais agus rialuithe na líne gnó, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint le measúnú a dhéanamh an bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar an ábhar measúnaithe ar fad agus cén cineál tionchair a bheadh i gceist.

92. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cigireacht chuimsitheach ar an láithreán ag an ábhar measúnaithe, ba cheart do na húdaráis inniúla na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

- a) an bhfuil gá le faisnéis bhreise nó faisnéis níos cuimsithí a fháil maidir leis an ábhar measúnaithe nach féidir a fháil ach trí ghnéithe ar an láithreán;
- b) cén cineál faisnéise a theastaíonn gus conas í a fháil go héifeachtach agus ar bhealach cuimsitheach;
- c) an dtaispeántar i dtorthaí cigireachtaí ar an láithreán nó athbhreithnithe as an láithreán roimhe seo arna ndéanamh ag an údarás inniúil nó ag mairseoirí stuamachta ábhartha nó, i gcás go bhfuil an t-ábhar measúnaithe ina chuid de ghrúpa, arna ndéanamh ag údaráis inniúla atá freagrach as mairseacht a dhéanamh ar eintitis eile laistigh den ghrúpa, má tá sin ar fáil, leibhéil ísle comhlíonta AML/CFT nó go moltar iontu cultúr lag um chomhlíonadh laistigh den ábhar measúnaithe nó laistigh den ghrúpa, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an ábhar measúnaithe;
- d) ar sháraigh na hábhair mheasúnaithe a n-oibleagáidí AML/CFT roimhe seo agus an ndearna siad amhlaidh arís agus arís eile;
- e) cén cineál iarmhaoirseachta, más ann di, a chuir an t-údarás inniúil i bhfeidhm roimhe seo ar an ábhar measúnaithe; agus
- f) ar léirigh na hábhair mheasúnaithe a dtiomantas do na heasnamh a réiteach roimhe seo agus an bhfuil gníomhaíocht láidir déanta acu chun é sin a dhéanamh.

93. Ba cheart d'údaráis inniúla smaoineamh ar athbhreithnithe as an láithreán a úsáid sna cásanna sin inar leor cur chuige mairseachta nach bhfuil chomh sáiteach sin, nó i gcásanna ina bhfuil na hábhair mheasúnaithe neamhchosanta ar leibhéil ísle riosca ML/TF. Is éard atá i gceist le hathbhreithnithe as an láithreán go príomha ná athbhreithniú deasc-bhunaithe ar bheartais agus nósanna imeachta scríofa AML/CFT ábhair measúnaithe agus an measúnú riosca, ach ní bhíonn measúnú cuimsitheach i gceist leis ar cé chomh héifeachtach agus atá na beartais agus na nósanna imeachta sin curtha chun feidhme i ngníomh ag an ábhar measúnaithe. Féadfar athbhreithnithe as an láithreán a mheas mar réamhchéim chuig athbhreithnithe níos críochnúla trí chigireachtaí ar an láithreán a chomhlánódh obair as an láithreán, nó féadfar iad a úsáid in éineacht le huirlisí mairseachta eile.



94. I roinnt cásanna, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an mbeadh an meascán de dhá uirlis nó níos mó níos éifeachtaí. Áirítear leis sin cásanna ina bhfuil imní ar an údarás inniúil faoi chruinneas na faisnéise a fuarthas le linn athbhreithnithe as an láithreán nó mar chuid de thuaisceáin AML/CFT. I gcúinsí dá leithéid, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach d'údaráis inniúla an fhaisnéis sin a fhíorú trí chigireacht ar an láithreán, ina mbíonn gnéithe den sórt sin de ghnáth, ar nós sampláil idirbheart agus comhaid chustaiméirí, agus agallaimh le príomhphearsanra agus le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta. Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla ábalta cigireachtaí ad hoc a dhéanamh nuair is gá, nach cuid dá straitéis agus dá bplean maoirseachta iad. D'fhéadfaí go spreagfaí an gá le cigireachtaí dá leithéid mar gheall ar theagmhas sonracha, a d'fhéadfadh an earnáil/fo-earnáil nó na hábhair measúnaithe a chur faoi lé riosca méadaithe ML/TF, athruithe suntasacha ar neamhchosaint riosca ML/TF na hearnála/fo-earnála nó na n-ábhar measúnaithe nó go ndéanfaí iad mar thoradh ar fhaisnéis áirithe arna haimsiú ag údarás inniúil, lena n-áirítear trí thuaisceáin sceithreachta, líomhaintí forleathana poiblí maidir le héagóir, tíopeolaíocht nua ML/TF nó torthaí maoirseachta a bhaineann le córais agus rialuithe AML/CFT nó creat rialuithe inmheánacha i gcoitinne. I gcás gur chinn an t-údarás inniúil go dteastaíonn cigireacht ad hoc, ba cheart dó raon feidhme na cigireachta a chinneadh, fócas na cigireachta agus an mbeidh aon gnéithe ar an láithreán i gceist leis agus an bhfuil gá le rannpháirtíocht agus comhoibriú maoirseoirí eile.
95. I gcás go ndéanann údaráis inniúla cigireacht ó chian trí mhodhanna fíorúla, ba cheart dóibh éifeachtacht na huirlise maoirseachta sin a mheas agus a mheas an gcomhlíonann an rannpháirtíocht leis ábhar measúnaithe na coinníollacha maidir le cigireacht ar an láithreán agus an bhfuil sé ar comhréir leis riosca ML/TF a bhaineann leis an ábhar measúnaithe. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an bhfuil cigireacht ar an láithreán níos oiriúnaí agus maoirseacht á déanamh acu ar na hábhair mheasúnaithe a mbaineann leibhéal suntasach nó an-suntasach riosca ML/TF leo agus i gcúinsí ina bhfuil údaráis inniúla ag iarraidh tuiscint chuimsitheach a fhorbairt ar an gcreat foriomlán córais agus rialuithe AML/CFT iomlán laistigh den ábhar measúnaithe.
96. Ba cheart d'údaráis inniúla smaoineamh ar an uirlis mhaoirseachta is éifeachtaí lena áirithiú go gcuirfidh na hábhair mheasúnaithe ar cuid den ghrúpa iad beartais agus nósanna imeachta uileghrúpa chun feidhme go héifeachtach trí bhreithnithe comhchosúla a chur i bhfeidhm ar na cinn is infheidhme maidir le hábhair mheasúnaithe aonair mar a mhínítear thuas. Má tá grúpa ag feidhmiú ar bhonn trasteorann, ba cheart don phríomhmhaoirseoir¹⁵ comhoibriú le húdaráis inniúla eile a bhfuil baint acu le maoirseacht na n-ábhar measúnaithe laistigh den ghrúpa trí choláistí AML/CFT, i gcás gurb ann dóibh, nó trí bhealaí agus sásraí comhair eile, lena n-áirítear na cinn atá leagtha amach i dTreoirlínte an ÚBE maidir le Comhar.¹⁶D'fhéadfadh an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh, a bheith i gceist leis an gcomhar sin:
- a) méid an chúnamh fhrithpháirtigh a bhfuil cur síos déanta air i dTreoirlíne 9 de Threoirlínte na gColáistí AML/CFT;

¹⁵ Cinntear an príomh-mhaoirseoir i gcomhréir le treoirlínte comhpháirteacha ÚMEanna (JC 2019 81) maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais (Treoirlínte Coláistí AML/CFT'). Go ginearálta, is é an príomh-mhaoirseoir údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht AML/CFT i mBallstát ina bhfuil ceannoifig an ghrúpa lonnaithe.

¹⁶ Treoirlínte an [ÚBE maidir le Comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Airteagal 117\(6\) de Threoir 2013/36/AE](#), Nollaig 2021



- b) aontú maidir le huirlis mhaoirseachta ar leith nó gníomhaíocht mhaoirseachta a chur i bhfeidhm le húdaráis inniúla eile, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ábhair mheasúnaithe eile laistigh den ghrúpa. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé i gceist leis sin cigireacht nó athbhreithniú a dhéanamh i gcomhpháirt le húdaráis inniúla eile nó trí fhócas na huirlise maoirseachta a choigeartú i gcomhar lena chéile chun rioscaí trasghearrtha ar fud an ghrúpa a mhaolú ar bhealach níos éifeachtaí;
 - c) faisnéis a mhalartú a bhaineann le measúnú riosca ML/TF an ábhair measúnaithe nó na hearnála, más ábhartha;
 - d) faisnéis a mhalartú a bhaineann le cigireachtaí nó athbhreithnithe maoirseachta atá beartaithe agus ar thorthaí ábhartha ina dhiaidh sin;
 - e) faisnéis a bhaineann le laigí nó sáruithe arna sainaitheint ag údaráis inniúla eile a mhalartú.
97. Ba cheart go mbeadh dearcadh iomlánaíoch ag údaráis inniúla maidir leis na huirlisí maoirseachta ar fad a chuireann siad i bhfeidhm. Ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus a n-éifeachtacht agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is gá.

4.4.5 Cleachtais mhaoirseachta agus an lámhleabhar maoirseachta.

98. Lena n-oibleagáidí faoi Threoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil córais agus rialuithe AML/CFT láidre curtha i bhfeidhm ag ábhair mheasúnaithe agus go bhfuil na córais agus na rialuithe sin sách éifeachtach chun ML/TF a chosc agus a bhrath. Ba cheart na bearta a dhéanfaidh na húdaráis inniúla chun measúnú a dhéanamh ar chórais agus rialuithe AML/CFT na n-ábhar measúnaithe a leagan amach i lámhleabhar maoirseachta tiomnaithe AML/CFT. Cuirtear ar chumas na n-údarás inniúil leis sin cur i bhfeidhm na n-uirlisí maoirseachta agus an bhreithiúnais ghairmiúil ar bhealach comhsheasmhach a áirithiú. Agus an lámhleabhar á dhréachtú acu, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go soláthrófar ann sonraí leordhóthanacha faoi na gníomhaíochtaí go léir a cheanglaítear ar na maoirseoirí ábhartha a dhéanamh chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a sholáthar ann do na maoirseoirí chomh maith, áfach, lena sainbhreithiúnas a chur i bhfeidhm agus chun coigeartuithe a dhéanamh ar a gcur chuige maoirseachta nuair is gá.
99. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú, nuair is ábhartha, go gceapfaidh na hábhair mheasúnaithe oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir (AE) 2015/849. Ba cheart do na húdaráis inniúla bearta riosca-íogair a dhéanamh chomh maith lena sheiceáil an bhfuil na leibhéil ionracais, saineolais agus eolais is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach ag an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT arna cheapadh ag ábhar measúnaithe nó an bhfuil na leibhéil riachtanacha ionracais, saineolais agus eolais fós aige nó aici.¹⁷ D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin cruinniú leis an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT nó a iarraidh ar an ábhar measúnaithe a choimre a sholáthar ar shaineolas gairmiúil an oifigigh

¹⁷ [Páipéar Comhairliúcháin](#) maidir le Dréacht-Treoirleint ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil le bainistiú um chomhlíonadh agus ról agus freagrachtaí an Oifigigh um Chomhlíonadh AML/CFT faoi Airteagal 8 agus Caibidil VI de Threoir (AE) 2015/849.



um chomhlíonadh AML/CFT agus aon fhaisnéis eile a mheasann an t-údarás inniúil a bheith ábhartha. Ba cheart d'údarás inniúla a mheas ar cheart measúnú dá leithéid a dhéanamh mar chuid dá ngníomhaíochtaí mairseachta, lena n-áirítear le linn cigireachtaí ar an láithreán nó athbhreithnithe as an láithreán, nó mar mheasúnú neamhspleách.

100. I gcás, mar thoradh ar sheiceálacha arna dtuairisciú i mír 99, go bhfuil inní ar an údarás inniúil go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT oiriúnach, ba cheart don údarás inniúil a n-ábhair inní a chur in iúl don mhairseoir stuamachta ábhartha¹⁸ agus ba cheart dó aon fhaisnéis as a dtagann na hábhair inní a roinnt leis na mairseoirí stuamachta go réamhghníomhach. Lena chois sin,

- a) i gcás nach bhfuil an measúnú ar oiriúnacht an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT faoi inniúlacht mairseora stuamachta, ba cheart d'údarás inniúla na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun an fhadhb a réiteach gan mhoill mhíchúí, amhail a iarraidh go gcuirfí oiliúint bhreise ar an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT nó go gcuirfí feabhas ar a c(h)áilíochtaí gairmiúla; a iarraidh go gcuirfí feabhas ar an mbainistíocht nó go ndéanfaí ról an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT a atheagrú; nó a iarraidh go ndéanfaí oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT breise a cheapadh;
- b) i gcás go bhfuil an inniúlacht ag mairseoirí stuamachta chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT,¹⁹ ba cheart d'údarás inniúla comhoibriú le mairseoirí stuamachta le linn an mheasúnaithe tosaigh agus freisin le linn aon athmheasúnaithe oiriúnachta arna ndéanamh ag mairseoirí stuamachta de réir mar is gá.²⁰ Ba cheart do na húdarás inniúla an fhaisnéis ábhartha ar fad, a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar mheasúnú oiriúnachta nó ar athmheasúnú ar an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT, a roinnt le mairseoirí stuamachta ábhartha, lena n-áirítear na moltaí atá beartaithe acu maidir le bearta, mar a thuairiscítear i bpointe a) thuas, a d'fhéadfaí a ghlacadh ó dhearcadh mairseachta AML/CFT chun na fadhbanna a mhaolú.

101. Sa lámhleabhar mairseachta, ba cheart do na húdarás inniúla breac-chuntas a thabhairt ar na bearta a chaithfidh mairseoirí a dhéanamh agus uirlisí mairseachta éagsúla á gcur i bhfeidhm acu. Ba chóir go leagfaí amach an méid seo leanas ar a laghad sa lámhleabhar:

- a) an próiseas agus an mhodheolaíocht a leanann údarás inniúla agus measúnú rioscaí ML/TF á dhéanamh acu a bhaineann leis na hábhair mheasúnaithe agus le hearnálacha/fo-earnálacha. Ba cheart d'údarás inniúla an próiseas a leanann mairseoirí a mhíniú freisin nuair is mian leo scór riosca an ábhair measúnaithe a leasú bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil;

¹⁸ De réir mhír 19, go sonrach, de Threoirlínte an ÚBE atá ag teacht maidir le comhar agus mairseacht faisnéise idir mairseoirí stuamachta, mairseoirí AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Threoir 2013/36/AE

¹⁹ Treoirlínte Comhpháirteacha ÚEUM agus ÚBE maidir le measúnú ar oiriúnacht chomhaltáí an chomhlachta bainistíochta agus shealbhóirí príomhfheidhmanna faoi Threoir 2013/36/AE agus faoi Threoir 2014/65/AE, [ÚBE/GL/2021/06](#).

²⁰ Lena n-áirítear mar atá beartaithe i gCodanna 6.1 agus 6.3 de Threoirlínte an ÚBE atá ag teacht maidir le comhar agus mairseacht faisnéise idir mairseoirí stuamachta, mairseoirí AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Threoir 2013/36/AE



- b) cásanna féideartha ina gceanglaítear ar mhaoirseoirí comhoibriú le geallsealbhóirí eile mar a thairiscítear i gCuid 1.4.1 de na Treoirí seo agus míniú a thabhairt ar an bpróiseas faoi conas ba cheart an comhar seo a dhéanamh i ngníomh;
- c) an próiseas ba cheart do na maoirseoirí a leanúint agus iad ag cur gach uirlis mhaoirseachta i gcrích agus ag míniú na gnéithe ba cheart a thástáil. Ba cheart d'údarás inniúla na príomhdhifríochtaí idir na huirlisí maoirseachta éagsúla atá ar fáil dóibh a leagan amach go soiléir. Ciallaíonn sé sin gur cheart d'údarás inniúla, ar a laghad, a mhéid a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh maoirseoirí tástáil in ábhair measúnaithe a shoiléiriú:
- i) leordhóthanacht na mbeartas agus na nósanna imeachta ábhartha agus an bhfuil siad nasctha leis an measúnú riosca ar fud an ghnó;
 - ii) gur cuireadh próisis ábhartha i bhfeidhm agus go n-oibríonn siad mar a rabhtas ag súil leis;
 - iii) leordhóthanacht agus iomláine na measúnuithe riosca uile-ghnó agus a mhéid a chinntear an cur chuige foriomlán AML/CFT dá réir;
 - iv) leordhóthanacht na measúnuithe riosca custaiméirí agus a mhéid a chinntear leibhéal infheidhme um cheanglais an díchill chuí do chustaiméirí dá réir;
 - v) leordhóthanacht na socruithe rialachais inmheánaigh agus na línte tuairiscithe inmheánacha, maidir le comhlíonadh AML/CFT, lena n-áirítear cáilíocht agus cainníocht na faisnéise bainistíochta;
 - vi) leordhóthanacht an duine a chomhlíonann ról an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT laistigh den ábhar measúnaithe mar a shainítear in Airteagal 8(4) de Threoir (AE) 2015/849 agus na bearta ba cheart do mhaoirseoirí a dhéanamh chun an measúnú sin a dhéanamh;
- d) cén cineál rannpháirtíochta agus cumarsáide ba cheart a bheith ag an maoirseoir leis an ábhar measúnaithe roimh chur i bhfeidhm na huirlise maoirseacht, lena linn agus ina dhiaidh;
- e) agus torthaí ó chigireachtaí nó athbhreithnithe á gcur in iúl, achair ama tháscacha ba cheart do na húdaráis inniúla agus na hábhair mheasúnaithe a chomhlíonadh;
- f) conas a mheas an bhfuil córais agus rialuithe AML/CFT arna gcur i bhfeidhm ag na hábhair mheasúnaithe éifeachtach go leor agus ar comhréir leis na rioscaí ML/TF a bhfuil an t-ábhar measúnaithe neamhchosanta orthu. Ba cheart d'údarás inniúla, ar a laghad, na príomhréimsí ar cheart don mhaoirseoir díriú orthu a leagan amach, rud a d'fhéadfadh easpa éifeachtúlachta san ábhar measúnaithe a thabhairt le tuiscint. I measc cuid de na táscairí lena bhféadfaí a thabhairt le tuiscint go bhfuil an creat AML/CFT curtha i bhfeidhm go héifeachtach tá an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh:
- vii) léiríonn na baill foirne laistigh den ábhar measúnaithe tuiscint mhaith ar na paraiméadair a úsáidtear do chórais éagsúla agus tá siad ábalta an réasúnaíocht le torthaí na gcóras sin a mhíniú;



- viii) leis na córais agus próisis a úsáidtear chun custaiméirí agus idirbhearta a scagadh soláthraítear na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, atá ar aon dul le hábhair chomhchosúla mheasúnaithe in earnáil;
 - ix) beartais agus próisis chun idirbhearta amhrasacha nó neamhghnácha a shainathint agus a anailísiú agus tuairisc a thabhairt don AFA nó d'údaráis ábhartha eile;
 - x) léiríonn na baill foirne ag an ábhar measúnaithe tuiscint mhaith ar bheartais agus ar phróisis AML/CFT agus conas a chuirtear i bhfeidhm i ngníomh iad;
 - xi) ní ardaítear i dtuarascálacha inmheánacha agus seachtracha éagsúla, amhail iniúchadh inmheánach agus seachtrach nó comhairleoirí inmheánacha nó seachtracha, aon imní maidir le comhlíonadh AML/CFT an ábhair measúnaithe;
 - xii) soláthraítear oiliúint leordhóthanach agus ábhartha do na baill foirne ábhartha go léir agus don lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den ábhar measúnaithe;
 - xiii) tá cleachtais chothroma dreasachta, lena n-áirítear luach saothair agus luaíochtaí eile, curtha chun feidhme ag an ábhar measúnaithe nach gcothaítear leo cleachtais oibre ná cultúr neamhfhóna go díreach nó go hindíreach;
 - xiv) tuairisciú bainistíochta leordhóthanach agus dóthanach ar gach leibhéal bainistíochta;
 - xv) tá socrúithe rialachais leordhóthanacha curtha i bhfeidhm agus tá ról soiléir ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den chreat AML/CFT.
- g) a mhéid a bhfuiltear ag súil go gceisteoidh an maoirseoir stóinseacht na gcóras agus na rialuithe AML/CFT, cur chun feidhme na mbeartas agus nósanna imeachta AML/CFT agus éifeachtacht an mheasúnaithe riosca ar fud an ghnó;
- h) samplaí de na cásanna ina bhfuiltear ag súil go gcuirfidh na maoirseoirí a mbreithiúnas maoirseachta i bhfeidhm;
- i) i gcás ina n-áirítear le huirlis mhaoirseachta sampláil a dhéanamh ar chomhaid nó ar idirbhearta custaiméirí, ba cheart míniú a thabhairt sa lámhleabhar ar an modheolaíocht samplála, lena n-áirítear íosmhéid an tsampla agus na critéir chun sampla a roghnú;
- j) na bearta a chaithfidh maoirseoirí a dhéanamh i ndiaidh na cigireachta lena áirithiú go dtabharfaidh na hábhair mheasúnaithe aghaidh go himleor ar thorthaí na maoirseachta agus samplaí de chásanna ina bhféadfadh iarchigireacht a bheith riachtanach mar atá leagtha amach i gCuid 4.4.8 de na Treoirí seo; agus
- k) na socrúithe rialachais laistigh den údarás inniúil chun torthaí cigireachtaí nó athbhreithnithe a fhaomhadh, lena n-áirítear an próiseas cinnteoireachta a bhaineann le smachtbhannaí agus bearta riaracháin.
101. A) Agus a mbeartas samplála á fhorbairt, ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh go bhfuil difríocht idir na hábhair mheasúnaithe ar go leor bealaí, amhail líon agus cineál na dtáirgí agus na seirbhísí agus líon agus cineál na gcustaiméirí agus na n-idirbheart. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé go mbeadh ar údaráis inniúla a gcur chuige maidir le sampláil a shaincheapadh i



ndáil le hábhar measúnaithe ar leith. Mar chuid de sin, ba cheart d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas ar a laghad a mheas chun sampla fóna a roghnú:

- a) Ba cheart go gcuideodh sampláil le húdaráis inniúla cuspóirí uirlise maoirseachta ar leith atá á húsáid don mheasúnú a bhaint amach. Ciallaíonn sé sin gur cheart do shampla a bheith comhdhéanta de líon fóna comhad custaiméirí nó d'idirbhearta a léiríonn éagsúlacht na gcustaiméirí, na dtáirgí agus na seirbhísí i gcatagóirí riosca éagsúla, ach is leo seo a leanas a chinnfear méid agus comhdhéanamh an tsampla sin:
 - i) sprioc na huirlise maoirseachta a úsáidtear don mheasúnú;
 - ii) catagóirí riosca éagsúla custaiméirí atá faoi réir an mheasúnaithe agus an céatadán de chustaiméirí lena mbaineann riosca suntasach nó an-suntasach ML/TF;
 - iii) cineál, méid agus castacht ghnó an ábhair measúnaithe.
- b) Ba cheart go mbeadh na seiceálacha a dhéantar mar chuid den tsampláil sách cuimsitheach agus sáiteach le go mbeidh an t-údarás inniúil ábalta an sprioc mhaoirseachta is inmhianaithe a bhaint amach.
- c) Ba cheart an tsampláil a chothromú le gníomhaíochtaí maoirseachta eile atá mar chuid den uirlis mhaoirseachta, amhail córais, socruithe rialachais agus beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú.

102. Ba cheart go mbeadh beartas samplála na n-údarás inniúil solúbtha agus go n-éascófaí leis coigeartuithe bunaithe ar an leibhéal riosca nó ar fhaisnéis nua, lena n-áirítear faisnéis a fhaightear mar chuid dá ngníomhaíochtaí maoirseachta. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh údaráis inniúla athrú a dhéanamh ar méid an tsampla, ar na catagóirí custaiméirí, táirgí, seirbhísí nó idirbheart a chuimsítear sa sampla nó na seiceálacha sonracha a dhéantar roimh an gcigireacht nó roimh an athbhreithniú nó lena linn. I gcás go dtugtar le tuiscint leis an tsampláil go bhfuil mainneachtain shistéamach ann na hoibleagáidí AML/CFT is infheidhme a chomhlíonadh thar ceann an ábhair measúnaithe, ba cheart d'údaráis inniúla imscrúdú a dhéanamh ar bhunchúis na mainneachtana sin, rud a bhféadfadh tuilleadh seiceálacha nó gníomhaíochtaí maoirseachta a bheith i gceist leis, lena n-áirítear sampláil bhreise nó agallaimh le príomhphearsanra.

103. Ba cheart an lámhleabhar maoirseachta a athbhreithniú go rialta agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá, go háirithe, má dhéantar athruithe suntasacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcur chuige maoirseachta, lena n-áirítear athruithe a thugtar isteach leis an gcreat dlíthiúil nó leis an treoir idirnáisiúnta, nó athruithe a theastaíonn mar thoradh ar an aiseolas a fhaigheann údaráis inniúla maidir le leordhóthanacht a gcur chuige maoirseachta, lena n-áirítear ó fheidhm iniúchóireachta inmheánaí nó ó chomhlachtaí seachtracha amhail an Tascfhórsa um Gníomhaíocht Airgeadais, Comhairle na hEorpa nó na húdaráis Maoirseachta Eorpacha. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, ba cheart d'údaráis inniúla na ceachtanna a foghlaimíodh a mheas agus aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a sainaitníodh, más ann dóibh. Ba cheart go gcuirfí maoirseoirí ábhartha ar an eolas faoi aon athruithe ar an lámhleabhar gan mhoill.



4.4.6 Dearbhú cáilíochta

104. Ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go ndéanfaidh na maoirseoirí uile an mhaoirseacht AML/CFT go comhsheasmhach. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh seiceálacha dearbhaithe cáilíochta a chur ar bun lena áirithiú go gcuirfidh gach maoirseoir uirlisí agus cleachtais mhaoirseachta i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcomhréir leis an lámhleabhar maoirseachta. Ba cheart go gcuimseofaí i seiceálacha dá leithéid, ar a laghad, athbhreithniú arna dhéanamh ag an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí agus cur i bhfeidhm phrionsabal na gceithre súl. Ba cheart go mbainfeadh údaráis inniúla úsáid freisin as oiliúint foirne, meantóireacht agus scáthú oibre idir maoirseoirí mar mhodhanna eile chun comhsheasmhacht mhaoirseachta a bhaint amach.
105. Ba cheart go n-áiríteodh údaráis inniúla cruinneas agus iontaofacht na faisnéise a bhailítear ó na hábhair mheasúnaithe chun críocha an mheasúnaithe riosca nó uirlisí maoirseachta eile. Chun é sin a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla ar a laghad an fhaisnéis sin a chros-seiceáil i gcoinne na faisnéise atá ar fáil dóibh cheana maidir leis an ábhar measúnaithe sonrath nó ábhair mheasúnaithe chomhchosúla nó i gcoinne na faisnéise a fhaightear ó fhoinsí iontaofa eile, lena n-áirítear maoirseoirí stuamachta, údaráis inniúla nó aonaid faisnéise airgeadais.
106. I gcás go bhfuil sé sainaitheanta ag údaráis inniúla gur cosúil go bhfuil an fhaisnéis a chuir ábhar measúnaithe amháin nó níos mó ar fáil míchruinn nó neamhiomlán, ba cheart dóibh bearta a dhéanamh chun na neamhréireachtaí sin a shoiléiriú agus féachaint le faisnéis chruinn a fháil. I gcúinsí dá leithéid, ba cheart d'údaráis inniúla an gníomh maoirseachta is leordhóthanaí a bhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb bunaithe ar mhéid agus ar chineál an mhíchruinnis a sainaithníodh. D'fhéadfadh soiléirithe a iarraidh go díreach ón ábhar measúnaithe, cigireacht ad hoc a dhéanamh ar an ábhar measúnaithe nó bearta maoirseachta áirithe a fhorchur a bheith i gceist leis na gníomhaíochtaí.
107. Ba cheart d'údaráis inniúla na hacmhainní a theastaíonn a chur san áireamh agus na seiceálacha dearbhaithe cáilíochta is gá á ndearadh agus á ndéanamh acu. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le acmhainní áirithe speisialaithe ó TF nó réimsí eile a úsáid.

4.4.7 Úsáid as seirbhísí páirtithe seachtracha

108. I gcás go n-úsáideann údaráis inniúla seirbhísí comhairleoirí nó iniúcháirí seachtracha chun a bplean maoirseachta, codanna áirithe den phlean nó cúram maoirseachta sonrath a chur i gcrích, ba cheart dóibh a áirithiú i gcónaí gur fíor an méid seo a leanas maidir leis na páirtithe seachtracha:
- go bhfuil eolas agus scileanna leordhóthanacha acu chun na cúraimí maoirseachta sonracha ar fhostaigh na húdaráis inniúla iad ina leith a dhéanamh;
 - go bhfuil tuiscint shoiléir acu ar ionchais rialála agus ar raon feidhme na hoibre a chaithfidh siad a dhéanamh;
 - go bhfuil rochtain acu ar threoir shonrach ina leagtar amach go soiléir téarmaí a rannpháirtíochta, chomh maith le haon phróisis a gceanglaítear orthu a leanúint mar chuid dá rannpháirtíocht;



- d) go gcoinníonn siad taifid leordhóthanacha ina sonraítear na gcéimeanna atá glactha acu leis na cúraimí riachtanacha a chur i gcrích agus ina mínítear an réasúnaíochta lena gcuid conclúidí agus torthaí;
- e) go ndéanann siad na cúraimí riachtanacha ar ardchaighdeán. D'fhéadfadh sé go sé mbeadh i gceist leis sin go ndéanadh na húdaráis inniúla athbhreithniú ar obair eile a dhéanann an páirtí seachtrach nó páirt a ghlacadh i gcuid de na gníomhaíochtaí a dhéanann siad thar ceann an údaráis inniúil;
- f) aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a dhearbhu agus, má thagann sé chun solais go bhfuil coinbhleachtaí leasa ann, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go ndéantar iad a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach leordhóthanach. I gcás nach féidir coinbhleachtaí leasa a réiteach, ba cheart d'údaráis inniúla an rannpháirtíocht leis an bpáirtí seachtrach sonrath a dhiúltú nó deireadh a chur léi.

109. I gcás go n-úsáideann údaráis inniúla saineolaithe ar bhonn comhsheasmhach mar chuid dá bpróiseas maoirseachta, ba cheart dóibh é sin a léiriú sa phlean maoirseachta agus sa lámhleabhar.

110. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcoinneoidh siad saineolas inmheánach dóthanach le go mbeidh siad ábalta athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann páirtithe seachtracha thar a gceann agus í a cheistiú go leordhóthanach más gá.

111. I gcásanna go bhfuil iniúcháirí seachtracha nó comhairleoirí seachtracha fostaithe ag ábhair mheasúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh maidir le hoibleagáidí AML/CFT, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas a áirithiú maidir leo:

- a) go dtabharfar fógra dóibh faoi raon feidhme an athbhreithnithe arna dhéanamh ag na páirtithe seachtracha;
- b) go dtabharfar fógra dóibh faoi scileanna, eolas agus taithí na saineolaithe atá fostaithe ag na páirtithe seachtracha a dhéanfaidh an measúnú; agus
- c) go dtabharfar an t-eolas is déanaí dóibh ar bhonn rialta maidir le torthaí agus torthaí obair na saineolaithe, lena n-áirítear i gcás go dtuairiscíonn na saineolaithe go comhsheasmhach nach bhfuil laigí nó torthaí ar bith ann.

112. Ba cheart d'údaráis inniúla obair na bpáirtithe seachtracha a chur san áireamh, agus ba dóibh machnamh a dhéanamh uirthi ina n-obair leantach mhaoirseachta nó mar chuid dá maoirseacht leanúnach de réir mar is gá. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar na cúiseanna atá le haon neamhréireachtaí arna sainaitheint idir obair saineolaithe ó pháirtithe seachtracha agus a gcuid torthaí féin ó chigireachtaí nó athbhreithnithe maoirseachta agus an anailís sin a léiriú ina measúnú riosca ar an ábhar measúnaithe. Má bhíonn amhras ar údaráis inniúla faoi cháilíocht fhoriomlán na hoibre a dhéanann saineolaithe ó pháirtithe seachtracha mar a thuairiscítear i mír 108 agus 111, ba cheart d'údaráis inniúla smaoinemh ar athbhreithniú ar



an obair sin a chuimsiú mar chuid dá gcigireachtaí nó dá n-athbhreithnithe laistigh den ábhar measúnaithe amach anseo.

113. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil bealaí i bhfeidhm lena áirithiú go mbeidh saineolaithe ó pháirtithe seachtracha ábalta aon neamhrialtachtaí, laigí nó sáruithe laistigh den ábhar measúnaithe a thuairisciú go díreach d'údaráis inniúla, más gá, beag beann ar an bhfuil a gcuid seirbhísí a n-úsáid ag údaráis inniúla nó ag ábhair mheasúnaithe.

4.4.8 Iarmhaoirseacht

114. Ba cheart go mbeadh muinín ag na húdaráis inniúla go dtabharfaidh na hábhair mheasúnaithe aghaidh go leordhóthanach ar gach sárú nó laige ar chórais AML/CFT agus ar chreat rialuithe na n-ábhar measúnaithe. Ba cheart d'údaráis inniúla na bearta uile is gá a dhéanamh lena áirithiú go n-athrófar iompar nó gníomhaíochtaí na n-ábhar measúnaithe nó go scoirfear dóibh.

115. Agus an t-iarbheart maoirseachta is éifeachtaí á chinneadh ag na húdaráis inniúla, ba cheart dóibh uirlisí maoirseachta nó bearta maoirseachta a roghnú atá comhréireach le hábharthacht na laigí agus tromchúis na sáruithe a sainaitníodh agus leibhéal an riosca a bhfuil an t-ábhar measúnaithe neamhchosanta air a chur san áireamh. Ciallaíonn sé sin, maidir leis na sáruithe tromchúiseacha agus laigí ábhartha ²¹ arna sainaitint in ábhar measúnaithe, atá neamhchosanta ar riosca suntasach nó an-suntasach ML/TF, go mbeidh fiosrú níos déine agus tuilleadh acmhainní maoirseachta de dhíth ná a bheidh i leith na sáruithe nach bhfuil chomh tromchúiseach nó laigí neamhábhartha in ábhair mheasúnaithe a mbaineann riosca nach lú chomh suntasach leo. Mar shampla, sna cásanna is tromchúisí, féadfaidh údaráis inniúla iarchigireacht a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfar na laigí go léir a mhaolú go héifeachtach agus go bhféadfaí smachtbhanna a bhreithniú, agus i gcásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach, d'fhéadfadh sé gur leor deimhniú a fháil ón ábhar measúnaithe gur tugadh aghaidh ar fhadhbanna de réir an phlean leasúcháin a mhol siad.

116. Agus an t-iarbheart maoirseachta is éifeachtaí á chinneadh i gcomhréir le mír 114 agus 115 thuas, ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh:

- a) i ndiaidh don údarás inniúil an plean leasúcháin atá beartaithe ag ábhar measúnaithe a chur chun feidhme, an dtabharfar aghaidh ar gach sárú agus laige agus an ndéanfar iad a leigheas go héifeachtach. Ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla sásta leis an amlíne a mholfaidh an t-ábhar measúnaithe maidir le cá huair a bheidh an leasú críochnaithe, agus ba cheart dóibh an t-ábhar measúnaithe a cheistiú i gcás go bhfuil an amlíne neamhréadúil nó i gcás nach bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe sách láidir chun laigí sonracha a leigheas;
- b) cibé an n-úsáidfear uirlis mhaoirseachta, beart maoirseachta nó smachtbhanna amháin nó meascán dóibh lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar sháruithe agus ar easnaimh san ábhar measúnaithe agus go ndéanfar iad a leigheas ar an mbealach is éifeachtaí agus is tráthúla;
- c) práinn an leasúcháin toisc go bhféadfadh go mbeadh gníomhaíocht níos práinní ag teastáil

²¹ Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi conas ábharthacht na laigí a chinneadh, féach ar na Caihdeáin Theicniúla Rialála arna bhforbairt ag an ÚBE faoi Airteagal 9a de Rialachán an ÚBE.



ó na hábhair mheasúnaithe i gcás sárúithe nó laigí áirithe, rud a chiallaíonn gur cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go dtabharfaidh an t-ábhar measúnaithe tosaíocht leordhóthanach maidir leis na heasnaimh sin a leigheas;

- d) an t-achar ama is gá chun sárúithe sonracha nó easnaimh shonracha a leigheas agus i gcás ina bhféadfaí go nglacfadh an leasú go leor ama, ba cheart don ábhar measúnaithe bearta sealadacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun an riosca a mhaolú;
- e) an dóchúlacht go dtarlóidh sárú nó laige arís nó sárú nó laige sistéamach, a d'fhéadfaí a mheasúnú trí bhreathnú ar na teipeanna roimhe sin laistigh den ábhar measúnaithe agus ar an achar ama inar theip ar an ábhar measúnaithe córais agus rialuithe éifeachtacha a chur chun feidhme, ba cheart go ndíreofaí i mbeart leantach an údaráis inniúil ní hamháin ar fhadhb shonrach amháin a shocrú ach ar a áirithiú go scoirfidh an t-ábhar measúnaithe den teip shistéamach.
- f) tionchar féideartha an tsárúithe nó an laige ar an gcreat rialuithe inmheánacha i gcoitinne laistigh de na hábhair mheasúnaithe, rud a bhféadfadh gá le rannpháirtíocht le maoirseoirí stuamachta i gcomhréir le Treoirlínte Comhair ÚBE²² agus beart leantach féideartha ó dhearcadh stuamachta a bheith leis;
- g) cumas agus toilteanas an ábhair measúnaithe teipeanna arna sainaitheint ag údaráis inniúla a leigheas, lena n-áirítear a mhéid a bhíonn sealbhóirí na bpríomhfheidhmeanna agus an lucht bainistíochta sinsearaí san ábhar measúnaithe bainteach leis an bpróiseas leasúcháin.

117. I gcás go gceapann údaráis inniúla go ndearnadh an mhainneachtain córais agus rialuithe éifeachtacha a chur chun feidhme d'aon ghnó, ba cheart dóibh beart leantach níos láidre a bhreithniú, lena n-áirítear go scoirfeadh an t-ábhar measúnaithe láithreach den iompar sin. I gcúinsí dá leithéid, ba cheart d'údaráis inniúla comhoibriú agus faisnéis a mhalartú le maoirseoirí stuamachta faoi theipeanna ábhar an mheasúnaithe.

118. Ba cheart d'údaráis inniúla a bpróiseas iarmhaoirseachta a chur ar bhonn foirmiúil agus é a leagan amach ina lámhleabhar maoirseachta, agus dóthain solúbthachta a thabhairt maidir leis an mbreithiúnas maoirseachta. Ba cheart d'údaráis inniúla amlíne agus cur síos a bhunú ar na gníomhaíochtaí iarmhaoirseachta nithiúla agus ar na bearta atá le déanamh ag an ábhar measúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar gach sárú nó laige.

119. I gcás gur shainaithin údaráis inniúla gur theip ar na hábhair mheasúnaithe a mbeartaí agus a nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur chun feidhme go héifeachtach i ngach cuid den ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 45(1) de Threoir 2015/849 agus nach bhfuil a gcórais agus a rialuithe sách láidir chun an riosca a bhfuil an grúpa neamhchosanta air i ndlínsí éagsúla a mhaolú, ba cheart don údarás inniúil na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú:

- a) go bhfuil plan leasúcháin curtha i bhfeidhm ag na hábhair mheasúnaithe ar leibhéal an ghrúpa ina leagtar amach conas a leigheasfaidh siad na laigí sainaitheanta i ndlínsí éagsúla;

²² Treoirlínte an [ÚBE maidir le Comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Airteagal 117\(6\) de Threoir 2013/36/AE](#), Nollaig 2021



- b) go gcomhoibreoidh siad le húdaráis inniúla eile a bhfuil baint acu le maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis ghrúpa gan mhoill, trí choláistí AML/CFT nó trí shásraí comhair eile, lena áirithiú go bhfuil siad ar an eolas faoi na laigí sin; agus
- c) go gcomhoibreoidh siad le húdaráis inniúla eile agus, b'fhéidir, le maoirseoirí stuamachta, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht leantach is iomchuí, ar leibhéal an ghrúpa nó ar leibhéal eintitis aonair, de réir mar is gá. D'fhéadfadh cigireacht chomhpháirteach ar an láithreán nó cur chuige coiteann idir údaráis inniúla éagsúla a bheith i gceist le beart leantach den sórt sin, i measc uirlisí maoirseachta eile.

120. Cé go bhfuil an próiseas iarmhaoirseachta ar leithligh ón bpróiseas smachtbhannaí, níl an dá phróiseas comheisiatach ar a chéile agus ba cheart go bhforlíonfadh siad a chéile. Dá réir sin, beag beann ar na smachtbhannaí atá le forchur ar ábhar measúnaithe, ba cheart d'údaráis inniúla dlúthfhiosrú a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfar na sárúithe agus na heasnamh a leigheas go leordhóthanach.

121. Gan aird ar na forálacha sna treoirlínite seo, ba cheart d'údaráis inniúla aon laigí ábhartha a thuairisciú don Údarás Baincéireachta Eorpach i gcomhréir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi Airteagal 9a de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

4.4.9 Aiseolas don earnáil

a. Aiseolas ar mheasúnuithe riosca

122. Ba cheart d'údaráis inniúla aiseolas a sholáthar d'ábhair mheasúnaithe ar thorthaí a measúnaithe riosca earnála. Ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas ar a laghad a nochtadh:

- a) na príomhrioscaí atá sainaitheanta acu i ngach earnáil agus fo-earnáil;
- b) a measúnú ar na rioscaí sin; agus
- c) aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh tuisceant na n-ábhar measúnaithe ar rioscaí a fheabhsú agus a measúnuithe riosca uile-ghnó agus aonair a fheabhsú.

123. I gcás go gcinneadh údaráis inniúla leagan folaithe dá measúnú riosca earnála nó fo-earnála a sholáthar d'ábhair mheasúnaithe, ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach fhónta ann ionas go bhféadfaidh ábhair mheasúnaithe an fhaisnéis sin a úsáid agus a gcuid measúnuithe riosca á bhforbairt acu féin.

b. Treoir don earnáil

124. Ba cheart d'údaráis inniúla an treoir riachtanach a eisiúint d'ábhair mheasúnaithe ina mínítear conas a bhfuil súil acu go gcuirfidh na hábhair mheasúnaithe an cur chuige rioscabhunaithe chun feidhme i ngníomh agus cad a bhfuiltear ag súil leo a dhéanamh lena a n-oibleagáid AML/CFT a chomhlíonadh. Ba cheart d'údaráis inniúla treoirlínite ábhartha arna bhfoilsiú ag na húdaráis Maoirseachta Eorpacha a úsáid mar bhonn dá dtreoir, agus iad a fhorlíonadh le gnéithe sonracha ar an leibhéal náisiúnta.



125. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar an ngá atá le tuilleadh treorach san earnáil. Ba cheart d'údaráis inniúla leibhéal an eolais agus an tsaineolais AML/CFT ina n-earnáil a mheasúnú bunaithe ar shaincheisteanna a thagann chun cinn arís agus arís eile, rioscaí atá ag teacht chun cinn nó ábhair inní eile a thagann as an anailís ar an bhfaisnéis arna bailiú don mheasúnú riosca, torthaí ó chigireachtaí, lena n-áirítear athbhreithnithe téamacha, agus ó rannpháirtíocht eile leis an earnáil, lena n-áirítear comhlachais trádála. Áirítear iad seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh, ar chuid de na táscairí lena bhféadfaí a thabhairt le tuiscint go bhféadfadh go mbeadh gá le tuilleadh treorach:

- a) teipeanna arís agus arís eile ag ábhair mheasúnaithe oibleagáidí áirithe AML/CFT a chomhlíonadh;
- b) athruithe le déanaí ar an gcreat reachtach ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal AE a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas na n-ábhar measúnaithe a n-oibleagáidí AML/CFT a chomhlíonadh;
- c) fianaise ar dhíriscú i roinnt earnálacha áirithe nó i roinnt ábhar measúnaithe, nó fianaise go seachnaíonn na hábhair mheasúnaithe rioscaí seachas iad a bhainistiú go héifeachtach;
- d) ceisteanna a dhírítear arís agus arís eile ar údaráis inniúla nó iarratais ar threoir maidir le gné áirithe den chreat AML/CFT;
- e) teacht chun cinn rioscaí agus tíopeolaíochta ML/TF nua.

126. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú an bhféadfadh treoir a bheith ag teastáil don earnáil ina hiomláine nó d'fho-earnáil ar leith go sonrach nó an dteastaíonn ábhar sonrach a chlúdach inti. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil an treoir a chuireann siad ar fáil soiléir agus gan athbhrí agus:

- a) go n-éascaítear agus go dtacaítear léi cur chun feidhme cur chuige éifeachtach rioscabhunaithe ag na hábhair measúnaithe;
- b) nach gcothaítear nó nach n-éascaítear léi go díreach ná go hindíreach díricsú neamh-idirdhealaitheach catagóirí iomlána custaiméirí i gcomhréir le Treoirlínte an ÚBE maidir le Tosca Riosca ML/TF agus go háirithe Treoirlínte 4.9., 4.10. agus 4.11.²³

127. Ba cheart d'údaráis inniúla smaoineamh ar oibriú le hábhair mheasúnaithe agus le geallsealbhoirí ábhartha eile agus treoir mhaoirseachta á forbairt acu agus ba cheart dóibh an bealach is éifeachtaí don fhor-rochtain sin a chinneadh. D'fhéadfaí an méid seo a leanas, i measc nithe eile, a bheith i gceist leis an rannpháirtíocht; próiseas comhairliúcháin phoiblí, rannpháirtíocht le comhlachais trádála, aonaid faisnéise airgeadais, forfheidhmiú an dlí, údaráis inniúla eile nó gníomhaireachtaí rialtais nó trí rannpháirtíocht i bhforaim chomhairliúcháin. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuimseofar ina bhfor-rochtain cion leordhóthanach geallsealbhoirí a mbeidh tionchar ag an treoir orthu agus go leithdháilfear dóthain ama ar gheallsealbhoirí lena gcuid tuairimí a chur in iúl.

²³ Treoirlínte an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF ar dhícheall cuí custaiméirí agus na tosca ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ('Na Treoir maidir le Tosca Riosca ML/TF') á measúnú acu faoi Airteagal 17 agus Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849, [ÚBE/GL/2021/02](#).



128. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar leordhóthanacht a dtreorach reatha a chuirtear ar fáil don earnáil. Ba cheart measúnú dá leithéid a dhéanamh go rialta nó ar bhonn ad hoc, agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí é le himeachtaí áirithe, lena n-áirítear athruithe ar an reachtaíocht náisiúnta nó Eorpach, leasuithe ar an measúnú riosca náisiúnta nó fornáisiúnta nó bunaithe ar aiseolas ón earnáil. I gcás go gcinneadh údaráis inniúla nach bhfuil an treoir atá ann cheana cothrom le dáta nó ábhartha a thuilleadh, ba cheart dóibh na leasuithe is gá a chur in iúl don earnáil gan mhoill mhíchúí.

c. Cumarsáid leis an earnáil

129. Ba cheart do na húdaráis inniúla straitéis chumarsáide a chur ar bun agus a chur i bhfeidhm lena áirithiú go mbeidh a gcumarsáid le hábhair mheasúnaithe fós dírithe ar chomhlíonadh AML/CFT san earnáil nó i bhfo-earnálacha áirithe a fheabhsú agus chun an úsáid is éifeachtaí as acmhainní na n-údarás inniúil a áirithiú. Mar chuid dá straitéis cumarsáide, ba cheart d'údaráis inniúla a leagan amach conas a dhéanfaidh siad cumarsáid le geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear nuair a bheidh torthaí a measúnaithe riosca agus treoir ábhartha á gcur in iúl acu don earnáil.

130. Ba cheart do na húdaráis inniúla na huirlisí cumarsáide is leordhóthanaí agus is éifeachtaí atá ar fáil dóibh a shainaithint, lena gcuirfear ar a gcumas a n-ionchais rialála a chur in iúl do na geallsealbhóirí ábhartha ar bhealach soiléir cuiditheach. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, ach ní an méid seo amháin, a bheith i gceist leis na huirlisí sin:

- a) cumarsáid chomhuaineach leis na hábhair measúnaithe go léir, a bhféadfadh foilsíú ar shuíomh gréasáin an údarás inniúil nó trí bhealaí eile ar líne a bheith i gceist léi;
- b) cumarsáid le grúpa teoranta geallsealbhóirí, a bhféadfadh rannpháirtíocht an údarás inniúil ag comhdhálacha nó imeachtaí oiliúna éagsúla nó trí fhor-rochtain le comhlachais trádála agus gairmiúla a bheith i gceist léi;
- c) cumarsáid trí litreacha nó imlitreacha, a fhéadfar a dhíriú chuig an earnáil ina hiomláine nó chuig grúpaí ábhartha geallsealbhóirí; nó
- d) cumarsáid dhíreach le hábhair measúnaithe ar bhonn déthaobhach nó iltaobhach, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí. I gcás go ndéanann an t-údarás inniúil cumarsáid dhéthaobhach, ba cheart dó ábharthacht na cumarsáide sin do ghrúpa níos leithne geallsealbhóirí a bhreithniú, rud a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhféadfadh uirlis chumarsáide a d'fhéadfadh a bheith difriúil a bheith níos leordhóthanaí.

131. Agus na huirlisí cumarsáide is iomchuí á gcinneadh ag na húdaráis inniúla, ba cheart dóibh na gnéithe seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh:

- a) spriocghrúpa na cumarsáide, lena bhféadfaí gráinneacht na cumarsáide a chinneadh;
- b) ábharthacht le hábhar sonrach do ghrúpa áirithe geallsealbhóirí, don earnáil nó don mhargadh ina iomláine;
- c) uainiú agus práinn na cumarsáide, lena n-áirithítear go gcuirfear an fhaisnéis is gá ar fáil do



na hábhair mheasúnaithe ar bhealach tráthúil; agus

d) an cineál faisnéise a chuirtear in iúl.

4.4.10 Oiliúint ar bhaill foirne údaráis inniúil

132. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go mbeidh eolas agus tuiscint iomchuí ag baill foirne a bhfuil freagrachtaí díreacha nó indíreacha AML/CFT orthu ar an gcreat dlíthiúil agus rialála AML/CFT is infheidhme agus go bhfuil siad cáilithe agus oithe go cuí chun breithiúnas fóna maoirseachta a fheidhmiú.

133. Ba cheart d'údaráis inniúla clár oiliúna a fhorbairt, ar cheart é a choigeartú chun freastal ar riachtanais feidhmeanna sonracha laistigh den údarás inniúil, a bhfreagrachtaí poist, a sinsearachta agus thaithí na foirne. Ba chóir an clár oiliúna sin a choinneáil cothrom le dáta agus athbhreithniú rialta a dhéanamh air. Ba cheart d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar an leibhéal oiliúna atá curtha i gcrích baill foirne aonair nó foirne iomlána de réir mar is iomchuí.

134. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear oiliúint ar a mbaill foirne mhaoirseachta i gcur i bhfeidhm praiticiúil Shamhail RBS AML/CFT na n-údarás inniúil ionas go mbeidh maoirseoirí ábalta maoirseacht rioscabhunaithe AML/CFT a a dhéanamh ar bhealach éifeachtach comhsheasmhach. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear torthaí na measúnuithe riosca aonair ML/TF ar fud na hearnála in iúl don fhoireann ábhartha uile laistigh den údarás inniúil, lena n-áirítear baill foirne nach bhfuil baint dhíreach acu leis an maoirseacht rioscabhunaithe AML/CFT. I measc rudaí eile, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go mbeidh maoirseoirí ábalta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a) an gá atá le solúbthacht a thuiscint i gcás go bhfuil dearchtaí na n-ábhar measúnaithe maidir le rioscaí agus rialuithe difriúil le dearchtaí na n-údarás inniúil maidir leis na rioscaí sin agus i gcás go gcuireann siad an argóint a sholáthraíonn na hábhair measúnaithe san áireamh;
- b) measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an mheasúnaithe riosca a dhéanann na hábhair mheasúnaithe;
- c) measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht, comhréireacht agus éifeachtúlacht bheartais agus nósanna imeachta AML/CFT agus socruithe rialachais agus rialuithe inmheánacha i gcoitinne an ábhair measúnaithe i bhfianaise mheasúnú riosca an ábhair measúnaithe;
- d) táirgí, seirbhísí agus ionstraimí airgeadais éagsúla, agus na rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu a thuiscint;
- e) creat maoirseachta na n-údarás inniúil a thuiscint, lena n-áirítear straitéis agus plean maoirseachta AML/CFT; agus
- f) tuiscint a bheith acu ar na huirlisí maoirseachta éagsúla a úsáideann na húdaráis inniúla agus cleachtais éagsúla a chuireann siad i bhfeidhm, agus ar an dóigh a bhfuil siad ábhartha do na cúraimí a dhéanann an ball foirne, amhail úsáid uirlisí maoirseachta éagsúla i ngníomh, agus a thábhachtaí atá sé comhoibriú le geallsealbhóirí eile.



135. Ba cheart oiliúint a chur in oiriúint do fhreagrachtaí AML/CFT na mball foirne ábhartha, agus an lucht bainistíochta sinsearaí, agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí léi cúrsaí oiliúna agus comhdhálacha inmheánacha agus seachtracha, cúrsaí ríomhfhoghlama, nuachtlitreacha, plé ar chás-staidéir, earcaíocht, aiseolas ar chúraimí críochnaithe agus foirmeacha eile den 'fhoghlaim trí ghníomhaíocht'. Féadfaidh údaráis inniúla leas a bhaint freisin as comhroinnt eolais i measc údaráis inniúla agus le húdaráis ábhartha intíre agus eachtracha eile, amhail maoirseoirí stuamachta, an AFA, comhlachtaí AE ábhartha, maoirseoirí AML/CFT i dtíortha eile.

136. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear oiliúint ábhartha ar fáil go tráthúil go háirithe do bhaill foirne nua agus i gcás athruithe suntasacha laistigh de chreat maoirseachta AML/CFT. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go mbeidh saineolas AML/CFT a bhfoirne cothrom le dáta agus ábhartha i gcónaí, agus go n-áirítear feasacht ar rioscaí atá ag teacht chun cinn leis, de réir mar is iomchuí.

4.5 Céim 4 – Faireachán agus nuashonrú ar an tSamhail RBS.

4.5.1 Athbhreithniú ar an measúnú riosca agus ar an straitéis agus na pleananna maoirseachta (Céimeanna 1, 2 agus 3)

137. Ní cleachtadh aon uaire é RBS, ach is próiseas leanúnach agus timthriallach é. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithnithe tréimhsiúla nó ad hoc a dhéanamh ar an bhfaisnéis ar a bhfuil a measúnú riosca bunaithe, agus an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

138. Mar chuid den phróiseas timthriallach, ba cheart do na húdaráis inniúla athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh ar a measúnuithe riosca earnála agus aonair ar na hábhair mheasúnaithe trí bhíthin athbhreithnithe tréimhsiúla nó ar bhonn ad hoc.

139. Ba cheart straitéis agus pleananna maoirseachta a thabhairt cothrom le dáta chomh maith de réir mar is gá, bíodh sé sin trí athbhreithnithe tréimhsiúla a bhunú nó mar fhreagra ar imeachtaí seachtracha. Ba cheart go léireofaí i straitéis agus i bpleananna maoirseachta freisin athruithe ábhartha ar na measúnuithe riosca, go háirithe i gcás inar sainithníodh rioscaí atá ag teacht chun cinn. Ba cheart go léireodh na húdaráis inniúla torthaí na n-athbhreithnithe agus na nuashonruithe sin mar athruithe ar an RBS.

a. Athbhreithnithe tréimhsiúla

140. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar a measúnuithe riosca aonair agus earnála lena áirithiú go mbeidh siad cothrom le dáta agus ábhartha i gcónaí. Mar chuid de sin, tá sé tábhachtach go bhfíoróidh na húdaráis inniúla go bhfuil na boinn tuisceana bhunúsacha a thacaíonn leis an measúnú riosca fós cothrom le dáta, lena n-áirítear boinn tuisceana a bhaineann le leibhéil éagsúla na rioscaí a bhaineann leis na hearnálacha agus na hábhair mheasúnaithe ábhartha nó leis an tuiscint ar an éifeachtacht a bhaineann le huirlis mhaoirseachta áirithe.



141. Ba cheart sceideal gach athbhreithnithe a ailíniú leis an straitéis mhaoirseachta agus é a bheith i gcomhréir leis an riosca ML/TF a bhaineann leis an earnáil agus leis an ábhar measúnaithe. I gcás earnálacha agus ábhair mheasúnaithe atá neamhchosanta ar rioscaí suntasacha nó an-suntasach ML/TF nó na cinn a ndéantar athruithe go minic ar a gcuid gníomhaíochtaí agus a oibríonn i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa, ba cheart athbhreithnithe a dhéanamh ar bhonn níos minice.

b. Athbhreithnithe ad hoc

142. Ba cheart go ndéanfaí athbhreithnithe ad hoc ar na tosca riosca, ar an measúnú riosca agus, nuair is gá, ar an straitéis agus ar na pleananna maoirseachta i ndiaidh athruithe suntasacha a théann i bhfeidhm ar phróifíl riosca an ábhair measúnaithe, lena n-áirítear:

- a) rioscaí ML/TF atá ag teacht chun cinn;
- b) torthaí ó mhaoirseacht as an láithreán agus ar an láithreán agus aon fhiosrú ar ghníomhartha ceartaitheacha nó feabhais a rinne an t-ábhar measúnaithe;
- c) athruithe ar úinéirí sealúchas cáilitheach, comhaltaí den bhord bainistíochta nó oibríochtaí sealbhóirí príomhfheidhmeanna nó eagraíocht an ábhair measúnaithe, nó faisnéis nua a thagann chun cinn i ndáil leo;
- d) measúnú riosca fornáisiúnta an Choimisiúin Eorpaigh arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir (AE) 2015/849; measúnú náisiúnta riosca nó an measúnú riosca maoirseachta arna fhorbairt i gcomhréir leis na treoirlínite seo;
- e) cineálacha nua gnólachtaí a thagann isteach san earnáil nó san fho-earnáil;
- f) athruithe tobanna laistigh den earnáil nó den fho-earnáil, lena n-áirítear athruithe ar an mbonn custaiméirí, ar na seirbhísí agus ar na táirgí a thairgtear, ar bhealaí seachadta nó ar neamhchosaint ar limistéir gheografacha áirithe;
- g) faisnéis nua a tháinig chun solais lena dtugtar le tuiscint go bhfuil méadú tagtha ar an neamhchosaint ar riosca ML/TF i ndáil le hábhar measúnaithe nó earnáil ar leith;
- h) cásanna eile ina bhfuil forais réasúnacha ag an údarás inniúil lena chreidiúint nach bhfuil an faisnéis ar bhunaigh sé a mheasúnú riosca ábhartha a thuilleadh nó go bhfuil easnaimh shuntasacha inti.

143. Ba cheart d'údarás inniúla a mheas freisin an bhféadfadh athruithe a théann i gcion ar ábhar measúnaithe ar leith dul i gcion ar ábhair mheasúnaithe eile, agus ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh freisin ar mheasúnú riosca na n-ábhar measúnaithe sin, a bhfuil tionchar suntasach ag an athrú orthu.

144. I gcás go bhfuil athrú tagtha ar na catagóirí nó na scóir riosca mar thoradh ar an measúnú riosca leasaithe, ba cheart d'údarás inniúla a áirithiú go ndéanfar a gcórais inmheánacha agus a lámhleabhar maoirseachta a thabhairt cothrom le dáta dá réir.



4.5.2 Athbhreithniú ar an tSamhail RBS AML/CFT.

145. Ba cheart d'údaráis inniúla féachaint leo féin a shásamh go bhfuil a bpróisis agus a nósanna imeachta inmheánacha, lena n-áirítear a modheolaíocht measúnaithe riosca ML/TF, cothrom le dáta agus go gcuirtear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus go héifeachtach. Ba cheart d'údaráis inniúla an mhodheolaíocht a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta láithreach, nuair is gá.

146. I gcás go sainaithnítear in athbhreithniú fadhbanna a bhaineann leis an tSamhail RBS AML/CFT, ba cheart do na húdaráis inniúla bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu sin. Ba cheart do na húdaráis inniúla, áfach, staonadh ó athruithe a dhéanamh arís agus arís eile ar a Samhail RBS laistigh de thréimhsí gearra ama, chun comparáidí le himeacht ama a éascú.

147. I gcás go n-úsáideann údaráis inniúla córais scórála uathoibríthe lena measúnú riosca a dhéanamh, ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar na cásanna inar leasaíodh an scór uathoibríthe bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil, rud a thug le fios nár léiríodh leis an scór leithdháilte próifíl riosca an ábhair mheasúnaithe go cruinn. I gcásanna dá leithéid, ba cheart d'údaráis inniúla scrúdú a dhéanamh maidir lena bhféadfadh sé nach bhfuil méid agus minicíocht leasuithe den sórt sin ina léiriú ar earráid sa mhodheolaíocht measúnaithe riosca. Má shainaithnítear earráid, ba cheart do na húdaráis inniúla na bearta is gá a dhéanamh chun í a cheartú.

a. Athbhreithnithe tréimhsiúla

148. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil lena fháil amach an soláthraíonn a Samhail RBS AML/CFT an toradh atá beartaithe agus, go sonrath, an bhfuil leibhéal na n-acmhainní maoirseachta fós ar comhréir leis na rioscaí ML/TF a sainaithníodh. Ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla atá ar fáil dóibh agus athbhreithniú agus measúnú á ndéanamh acu ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht a Samhla RBS AML/CFT. Tá an méid seo a leanas, ach ní an méid seo amháin, i gceist leis na huirlisí sin:

- a) saineolas gairmiúil;
- b) ceistneoirí féinmheasúnaithe;
- c) tástáil shamplach ar bhearta agus ar ghníomhaíochtaí maoirseachta;
- d) faisnéis nua amhail tuarascálacha agus aiseolas ó údaráis inniúla eile nó ó údaráis ábhartha AML/CFT,
- e) aiseolas ó aonaid faisnéise airgeadais, ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus ó ghníomhaireachtaí náisiúnta eile; nó
- f) foilseacháin de chuid eagraíochtaí Eorpacha nó idirnáisiúnta ábhartha.

149. Ba cheart d'údaráis inniúla féachaint freisin le dul i dtaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus smaoineamh ar pháirt a ghlacadh i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus Eorpacha nuair is féidir.



150. Má dhéantar tionchar na mairseachta AML/CFT ar leibhéal an chomhlíonta agus ar éifeachtúlacht rialuithe AML/CFT na n-ábhar measúnaithe a thomhas, d'fhéadfaí cuidiú chomh maith leis na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht a Samhla RBS AML/CFT.

b. Athbhreithnithe ad hoc

151. Chomh maith le hathbhreithnithe rialta ag eatraimh sheasta, ba cheart d'údaráis inniúla a Samhail RBS AML/CFT a athbhreithniú, a thabhairt cothrom le dáta nó a leasú má cheistítear sin le himeachtaí amhail:

- a) Measúnuithe seachtracha ar an tsamhail, lena n-áirítear an FATF, Moneyval nó iniúchtaí seachtracha;
- b) Measúnuithe inmheánacha ar an tsamhail, lena n-áirítear anailís ar easnaimh inmheánacha, tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí, tástáil dearbhaithe cáilíochta agus cleachtaí 'ceachtanna foghlamtha';
- c) Athruithe suntasacha ar an timpeallacht reachtach nó rialála AML/CFT;
- d) Treoir ábhartha idirnáisiúnta a fhoilsiú; agus
- e) Teacht chun cinn nó sainaitheint tosa riosca nua.

4.5.3 Gnéithe eagrúcháin agus nós imeachta den phróiseas athbhreithnithe

152. Ba cheart d'údaráis inniúla próiseas oibiachtúil athbhreithnithe dá Samhail RBS a chur ar bun, atá bunaithe ar nósanna imeachta inmheánacha atá soiléir agus trédhearcach. Ba cheart go leagfaí amach leis na nósanna imeachta sin an méid seo a leanas ar a laghad:

- a) cathain a bheidh an t-athbhreithniú le bheith réidh nó cad iad na teagmhais lena spreagfaí an t-athbhreithniú;
- b) cad é raon feidhme an athbhreithnithe nó conas an raon feidhme a chinneadh; agus
- c) cé atá i gceannas ar an bpróiseas athbhreithnithe san údarás inniúil. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas ar cheart go mbeadh an fhoireann nó an duine laistigh den údarás inniúil a bhí freagrach as an tSamhail RBS a chur ar bun freagrach freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail nó ar cheart go mbeadh duine nó foireann eile, amhail dearbhú cáilíochta inmheánach, foireann iniúchóireachta nó bainistíochta riosca an údaráis inniúil freagrach as an athbhreithniú.

153. Chomh maith leis an bpróiseas athbhreithnithe inmheánaigh, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an bhfuil gá le saineolaí seachtrach a fhostú chun meastóireacht oibiachtúil a fháil ar a Shamhail RBS nó chun comhchuibhiú ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú leis na samhlacha arna n-úsáid ag údaráis inniúla eile.



4.5.4 Taifid a choimeád

154. Ba cheart d'údaráis inniúla an tSamhail RBS AML/CFT, a cur chun feidhme agus na hathbhreithnithe ina dhiaidh sin a thaifeadh go hiomchuí dá chuimhne institiúideach (maoirseachta) agus chomh maith leis sin taifead a sholáthar ar thorthaí agus ar chinntí agus ar a mbunreásúnaíocht lena áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh údaráis inniúla maidir leis na hábhair mheasúnaithe éagsúla comhleanúnach agus comhsheasmhach.

4.5.5 Cuntasacht

155. Ba cheart go mbeadh tuiscint leordhóthanach ag lucht bainistíochta sinsearaí na n-údarás inniúil ar na rioscaí ML/TF atá i gceist san earnáil agus sna fo-earnálacha faoi mhaoirseacht agus go gcuirfí ar an eolas iad go tráthrialta maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta AML/CFT agus a dtorthaí. Déantar é sin ionas gur féidir leo breithiúnas a thabhairt ar éifeachtacht fhoriomlán na mbeart arna gcur chun feidhme ag na hábhair mheasúnaithe chun na rioscaí sin a laghdú chomh maith leis an ngá le hathbhreithniú a dhéanamh, nuair is iomchuí, ar dhéine agus ar mhiniúocht na maoirseachta agus ar leithdháileadh acmhainní maoirseachta.

156. Ba cheart do lucht bainistíochta sinsearaí na n-údarás inniúil a áirithiú go bhfuil socrúithe rialachais leordhóthanacha curtha i bhfeidhm chun an straitéis mhaoirseachta a fhaomhadh ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus aon leasuithe ina dhiaidh sin agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn chur chun feidhme na straitéise maoirseachta AML/CFT laistigh den údarás inniúil. Go sonrath, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an údarás inniúil chun an straitéis a chur chun feidhme, lena n-áirítear acmhainní speisialaithe AML/CFT, acmhainní dlí, beartais agus saineolais riosca, agus go bhfuil a chuspóirí maoirseachta atá leagtha amach sa straitéis gcomhlíonta go hiomlán.

Iarscríbhinn

Athrú ar na catagóirí riosca

Cás 1 I gcás go bhfuil údaráis inniúla ag catagóiríú a n-ábhar measúnaithe agus a n-earnálacha laistigh de thrí chatagóir riosca, ba cheart dóibh an cur chuige atá leagtha amach i dTábla 1 a chur i bhfeidhm nuair a iarrtar orthu na catagóirí riosca a athrú go ceithre chatagóir mar a mholtar sna

<i>Catagóirí riosca an údaráis inniúil</i>	<i>Catagóirí riosca atá molta sna treoirínite seo</i>
<i>Riosca íseal</i> →	Riosca nach bhfuil chomh suntasach
<i>Riosca measartha</i> →	Riosca measartha suntasach
<i>Riosca ard</i> →	Riosca an-suntasach

treoirínite seo.

Cás 2 I gcás go bhfuil údaráis inniúla ag catagóiríú a n-ábhar measúnaithe agus a n-earnálacha i gcúig chatagóir riosca, ba cheart dóibh an cur chuige atá leagtha amach i dTábla 2 a chur i bhfeidhm nuair a iarrtar orthu na catagóirí riosca a athrú go ceithre chatagóir mar a mholtar sna treoirínite seo.

<i>Catagóirí riosca an údaráis inniúil</i>	<i>Catagóirí riosca atá molta sna treoirínite seo</i>
<i>Riosca íseal</i> →	Riosca nach bhfuil chomh suntasach
<i>Riosca measartha íseal</i> →	Riosca nach bhfuil chomh suntasach
<i>Riosca measartha ard</i> →	Riosca measartha suntasach
<i>Riosca ard</i> →	Riosca suntasach
<i>Riosca fíor-ard/an-ard</i> →	Riosca an-suntasach